AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 1.6.2011
COIM(2011) 315 leagan deireanach

2011/0150 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Caighdeánú Eorpach agus lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/105/CE agus 2009/23/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

{SEC(2011) 671 leagan deireanach}
{SEC(2011) 672 leagan deireanach}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Toradh é caighdeánú Eorpach ar chomhar deonach idir lucht tionscail, údaráis phoiblí agus páirtithe leasmhara eile agus iad ag obair as láimh a chéile i gcóras atá fréamhaithe san oscailteacht, sa trédhearcacht agus sa chomhthoil. Ó thaobh thionscal na hEorpa de, is achoimre ar dhea-chleachtais réimse amháin iad caighdeáin, óir is éard atá iontu comhshaineolas na ngníomhairí páirteacha in aon áit amháin.

Amach anseo, beidh ról sár-riachtanach ag caighdeánú Eorpach san iliomad réimsí, níos mó ná inniu, amhail an iomaíochas Eorpach a threisiú, tomhaltóirí a chosaint, feabhas a chur ar an rochtain atá ag seandaoine agus ag daoine faoi mhíchumas agus dul i ngleic leis an athrú aeráide. Chun dul i ngleic le riachtanais a bhíonn ag síorathrú i ngach réimse, beidh córas um chaighdeánú Eorpach ag teastáil atá uileghabhálach, cuimsitheach, éifeachtúil, agus cothrom le dáta ó thaobh na teicneolaíochta de. Cuirfidh an córas sin le buanna na gcóras atá ann cheana, ach caithfidh sé a bheith solúbtha agus in ann ag dúshláin de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn amach anseo.

Ina stráitéis EUROPE 2020 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uileghabhálach [COM(2010)2020], thug an Coimisiún tábhacht don ghá atá le feabhas a chur ar na modhanna lena leagtar caighdeáin síos agus ar an úsáid a bhaintear astu, d'fhonn caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta a chur chun sochair d'iomaíocht fhadtéarmach thionscal na hEorpa agus d'fhonn cuspóirí tábhachtacha beartais a bhaint amach i réimsí amhail r-rialtas, r-sláinte nó r-inrochtaineacht.

An 21 Deireadh Fómhair 2010, ghlac Parlaimint na hEorpa tuarascáil maidir lena bhfuil i ndán do chúrsaí caighdeánaithe Eorpaigh [A7-0276/2010] inar dúradh gur cheart an iliomad sin gnéithe de ar éirigh go maith leo a choinneáil, a laigí a leigheas agus cothromas idir an ghné Eorpach, an ghné náisiúnta agus an ghné idirnáisiúnta a bhaint amach. Ina theannta sin, dúradh go bhfuil an nuálaíocht agus an iomaíocht ag brath go mór ar an idir-inoibritheacht, in earnáil na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) go háirithe.

Ina theachtaireacht dar teideal 'An Gníomh um an Margadh Aonair – Dhá luamhán déag chun fás a threisiú agus muinín a láidriú', an 13 Aibreán 2011, d'áirigh an Coimisiún leathnú an chórais um chaighdeánú Eorpach d'fhonn seirbhísí a chumhdach ar cheann de na gníomhaíochtaí ba cheart do na hinstitiúidí Eorpacha glacadh roimh dheireadh 2012.

- **Comhthéacs ginearálta**

Uirlislí beartais éifeachtacha don AE is ea iad caighdeáin agus caighdeánú. Cé go bhfuil sochair i bhfad níos fairsinge ag baint le caighdeáin agus caighdeánú do gheilleagar na hEorpa, úsáidtear iad mar uirlisí beartais d'fhonn a áirithiú, inter alia, feidhmiú an mhargaidh aonair i dtáirgí, idir-inoibritheacht gréasán agus córas, go háirithe i réimse TFC, ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí agus don chomhshaol, agus tuilleadh nuálaíochta agus cuimsiú sóisialta.

Sa tsochaí dhigiteach, ní féidir idir-inoibritheacht gréasán agus córas a áirithiú in éagmais caighdeán, i réimse TFC go háirithe. Sa tsochaí dhigiteach, úsáidtear réitigh TFC i ngach earnáil eacnamaíoch agus sa saol laethúil freisin. Caithfidh réitigh, feidhmchláir agus seirbhísí TFC a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh lena chéile; ba cheart dóibh a bheith idir-inoibritheach. Tá caighdeán ag teastáil chuige sin.

Tá tábhacht ar leith ag baint le caighdeáin Eorpacha i bhfeidhmiú an mhargaidh aonair i dtáirgí tionsclaíocha. Gabhann caighdeáin Eorpacha ionad caighdeán náisiúnta a bhíonn ag teacht salach ar a chéile go minic agus a d'fhéadfadh a bheith ina mbaic theicniúla ar dhul isteach i margadh náisiúnta.

Chun críche an Rialacháin seo, tá dhá chineál caighdeán ann: Caighdeáin Eorpacha arna bhforbairt ar iarratas ón gCoimisiún, ar bhonn 'sainordú', mar a thugtar air, lena n-iarrtar ar na hEagraíochtaí Eorpacha um Chaighdeánú caighdeáin a tharraingt suas; agus na caighdeáin eile Eorpacha a forbraíodh ar thionscnamh gníomhairí eile (gnóthaí, comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú, geallsealbhóirí, etc.).

Leis an togra seo tugtar aghaidh ar thrí cinn de mhórfhadhbanna:

1. Tá an saol agus an tsochaí ag athrú go gasta, go háirithe i gcás earnálacha a bhfuil saolré ghairid ag a dtáirgí agus lena mbaineann timthriall gairid forbraíochta, agus ní mór caighdeáin a bheith bord ar bord le forbairt mhear na teicneolaíocha. Áitíonn roinnt geallsealbhóirí gur rómhall atá an próiseas ar fad arb é atá ann caighdeáin Eorpacha a fhorbairt ar iarratas ón gCoimisiún. An drochthoradh is mó atá ar an moill sin go bhfuil caighdeáin náisiúnta a thagann salach ar a chéile fós ann, caighdeáin a d'fhéadfadh a bheith faoi deara bac teicniúil sa slabhra soláthair nó bac ar thrádáil má úsáidtear an caighdeán náisiúnta mar uirlis chosantach. Drochthoradh eile is ea nach féidir le gnóthais, in éagmais caighdeán comhchuibhithe, an caighdeán ábhartha a úsáid chun toimhde comhréireachta a thabhairt dóibh féin agus nach mór dóibh a thaispeáint go bhfuil na ceanglais fhíor-riachtanacha á gcomhlíonadh i gcomhréir leis an modúl um mheasúnú comhréireachta atá leagtha amach sa reachtaíocht infheidhme de chuid an AE. Sa dá chás sin, tá cosc ar ghnóthaí costais a sheachaint a eascraíonn ó ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh nó as nósanna imeachta um chomhlíonadh a mheasúnú. Is é an toradh atá ar chaighdeáin náisiúnta a bheith ag teacht salach ar a chéile agus ar gan caighdeáin chomhchuibhithe a bheith ann costais idirbheart agus costais in aghaidh an aonaid a bheith níos airde, ó tharla nach mór baisceanna de chineálacha éagsúla a tháirgeadh. Is é a dhéanann an tionscal chun dul i ngleic leis sin cainéil neamhfhoirmiúla chaighdeánaithe a bhunú chun sonraíochtaí teicniúla a fhorbairt go sciobtha d'fhonn idir-inoibritheacht a áirithiú, sonraíochtaí a nglactar leo go hidirnáisiúnta.

2. Bíonn roinnt mhaith fadhbanna ag FBManna maidir le caighdeáin agus caighdeánú. Dar le cuid mhór geallsealbhóirí, is é atá ar cheann de na príomhfhadhbanna go bhfuil FBManna faoi ghannionadaíocht go ginearálta i ngníomhaíochtaí caighdeánaithe, go háirithe ar leibhéal Eorpach. Ina theannta sin, is minic a bhaineann caighdeáin le sábháilteacht agus leas na dtomhaltóirí, le héifeachtúlacht gréasán, leis an gcomhshaol agus le réimsí beartais phoiblí eile. Cé go bhfuil ról lárnach ag caighdeáin sa tsochaí, ní dhéantar tuairimí geallsealbhóirí sochaíocha ábhartha a lánpháirtiú go leordhóthanach sa phróiseas caighdeánaithe san AE. Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin, is é sin na FBManna agus geallsealbhóirí sochaíocha a bheith faoi ghannionadaíocht i ngníomhaíochtaí caighdeánaithe, íoctar ranníocaíochtaí airgeadais le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann FBManna agus geallsealbhóirí sochaíocha. Is mór an éagsúlacht idir na critéir incháilitheachta difriúla le haghaidh na ndeontas sin, na coinníollacha úsáide a bhaineann leo agus cineál na

ranníocaíochtaí atá ar fáil. Faigheann eagraíochtaí éagsúla deontais le haghaidh gníomhaíochtaí agus faigheann eagraíochtaí eile deontais oibriúcháin. An toradh is diúltaí atá ar gan FBManna agus geallsealbhóirí sochaíocha a bheith páirteach a ndóthain sa phróiseas caighdeánaithe nach mbíonn ach lagthionchar acu ar an bpróiseas sin.

3. I réimse TFC, is iad eagraíochtaí forbartha caighdeán ('fóraim agus cuibhreannais dhomhanda' anseo feasta) seachas EECanna a dhéanann roinnt mhaith de na caighdeáin a áirithíonn idir-inoibritheacht. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás caighdeán a bhaineann leis an idirlíon agus leis an ngréasán domhanda. Thar aon rud eile, is easpa saineolais ríspeisialaithe is cúis leis an dóigh nach gcumhdaíonn na heagraíochtaí traidisiúnta a leagann síos caighdeáin réimse na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus dá bhrí sin déantar an mhórchuid d'obair dhomhanda caighdeánaithe i réimse TFC lasmuigh den chóras caighdeánaithe Eorpach nó idirnáisiúnta foirmiúil. I láthair na huaire, is in imthosca eisceachtúla amháin is féidir tagairt a dhéanamh do 'caighdeáin de chuid fóram agus cuibhreannas' i gcomhthéacs soláthair phoiblí atá faoi réir Threoir 2004/18/CE. Ó tharla nach dtagann na caighdeáin sin faoi aon cheann de na catagóirí caighdeán a bhféadann údaráis phoiblí tagairt a dhéanamh dóibh ina nglaonna ar thairiscintí, staonfaidh údaráis phoiblí fhaichilleacha ó thagairt a dhéanamh dóibh. Is é toradh atá air sin go mb'fhéidir nach mbeadh an TFC atá siad a cheannach idir-inoibritheach leis an TFC a cheannaigh údaráis eile. Is minic a chuireann sé sin cosc ar údaráis phoiblí a gcuid straitéisí agus a gcuid struchtúr a bhaineann le TFC, lena n-áirítear idir-inoibritheacht trasteorann idir eagraíochtaí, a shainiú.

- **Forálacha atá ann cheana i réimse an togra**

Cuirtear an togra seo in ionad cuid de Threoir 98/34/CE agus aisghairtear leis Cinneadh Uimh.1673/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 87/95/CEE.

- **Comhsheasmhacht le beartais agus cuspóirí eile an Aontais**

Leis an tionscnamh seo cuirtear chun feidhme 'Príomhthionscnaimh EUROPE 2020' – Aontas Nuálaíochta [COM(2010)546], Beartas Tionsclaíoch [COM(2010)614], Clár Digiteach don Eoraip [COM(2010)245], Eoraip tíosach ar Acmhainní [COM(2011)21]. Ina cheann sin, cuireann sé chun feidhme an Gníomh um an Margadh Aonair [COM(2011)206] mar aon leis an Straitéis maidir le Míchumas 2010-2020 [COM(2010)636]. Is cuid de thionscnamh straitéiseach atá i gClár Oibre de chuid an Choimisiúin don bhliain 2011 é.

## 2. Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara agus measúnú tionchair

- **Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara**

*<u>Modhanna comhairliúcháin, na príomhearnálacha ar díríodh orthu agus próifíl ghinearálta na bhfreagróirí</u>*

Rinneadh dhá chomhairliúchán phoiblí ghinearálta, in 2009 agus in 2010. Rinneadh comhairliúchán níos sainiúla leis na húdaráis náisiúnta, leis na EECanna, leis na comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú, leis na heagraíochtaí geallsealbhóirí, agus le fóraim agus cuibhreannais, in 2010. In 2009 glacadh an Páipéar Bán 'Caighdeánú TFC san AE a Nua-Aoisiú – An Bealach chun cinn'.

Thairis sin, cuireann an rialachán seo le hobair an ghrúpa neamhspleách saineolaithe ar a dtugtar EXPRESS (*Expert Panel for the Review of the European Standardisation System*), grúpa ina raibh 30 saineolaí ó eagraíochtaí Eorpacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta um chaighdeáin, ón lucht tionscail, ó FBManna, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha, ó cheardchumainn, ón saol acadúil, ó fhóraim agus cuibhreannais, ó údaráis phoiblí agus ó Bhallstáit den AE. Rinne EXPRESS a thuarascáil 'Caighdeánú ar mhaithe le hEoraip iomaíoch nuálach: Fís don Bhliain 2020' a chur faoi bhráid an Choimisiúin i Feabhra 2010.

*Achoimre ar na freagraí agus conas mar a cuireadh san áireamh iad*

Na freagraí ar an gcomhairliúchán, an Páipéar Bán 'Caighdeánú TFC san AE a Nua-Aoisiú – An Bealach chun cinn', an tuarascáil ó EXPRESS 'Caighdeánú ar mhaithe le hEoraip iomaíoch nuálach: Fís don Bhliain 2020' agus an tuarascáil ó Pharlaimint na hEorpa, ba iad ba bhunús leis na roghanna beartais a roghnaíodh sa deireadh thiar thall.

Rinneadh comhairliúchán oscailte ar an idirlíon idir 23/03/2010 agus 21/05/2010. Fuair an Coimisiún 483 freagra. Tá na torthaí ar fáil ag http://ec.europa.eu/enterprise/policies/european-standards/public-consultation/index_en.htm.

- **Saineolas a bhailiú agus a úsáid**

Ní raibh aon ghá le saineolas seachtrach.

- **Measúnú iarmharta**

Sa mheasúnú tionchair agus san achoimre feidhmiúcháin tá osamharc ar na roghanna éagsúla .

An t-aon teaglaim de roghanna beartais a chomhlíonann critéir na héifeachtachta, na héifeachtúlachta agus na comhsheasmhachta ná Rogha 1.A (spriocdhátaí maidir le caighdeáin Eorpacha a sholáthar) agus Rogha 1.C (nósanna imeachta trédhearcacha simplithe maidir le caighdeáin chomhchuibhithe agus caighdeáin eile Eorpacha arna n-iarraidh ag an gCoimisiún), agus Rogha 2.C (seasamh na n-eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do FBManna agus do gheallsealbhóirí sochaíocha laistigh de na EECanna a neartú trí bhíthin foráil a dhéanamh maidir le deontais oibriúcháin a thabhairt) agus Rogha 3.B (tagairt a dhéanamh do 'caighdeáin de chuid fóram agus cuibhreannas'). Na ceithre rogha sin, dá bhrí sin, is bunús leis an togra seo.

Rinne an Coimisiún measúnú tionchair atá liostaithe sa Chlár Oibre; tá rochtain ar thuarascáil an mheasúnaithe sin ag:
http://ec.europa.eu/enterprise/policies/european-standards/index_en.htm.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

- **Achoimre ar an ngníomhaíocht atá beartaithe**

1. Rachaidh an comhar idir comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú chun trédhearcachta.

2. Féadfar caighdeáin arna bhforbairt ag eagraíochtaí eile i réimse TFC a úsáid sa soláthar poiblí, ar chuntar go gcomhlíonfaidh na caighdeáin sin tacar critéar atá bunaithe ar phrionsabail de chuid na hEagraíochta Trádála Domhanda maidir le córais idirnáisiúnta um

chaighdeánú, i réimsí nach ann do chaighdeáin Eorpacha iontu, agus i gcás nach bhfuil glacadh forleathan ag na caighdeáin Eorpacha sa mhargadh nó go bhfuil siad imithe i léig.

3. Cuirfear feabhas ar chúrsaí pleanála: bunóidh an Coimisiún Clár Oibre bliantúil ina sainaithneofar tosaíochtaí don chaighdeánú Eorpach agus na sainorduithe a bheidh ag teastáil.

4. Ba cheart ionadaíocht níos fearr a bheith ag FBManna agus ag geallsealbhóirí sochaíocha sa phróiseas um chaighdeánú Eorpach; áiritheofar tacaíocht airgeadais d'eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do FBManna agus do gheallsealbhóirí.

5. An t-ualach riaracháin atá ar an gCoimisiún agus ar na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú a laghdú, trí bhíthin, mar shampla, an fhéidearthacht a bheith ann cnapshuimeanna a shimpliú ó bhonn, agus iad a bheidh scortha go soiléir ó aon fhíorú maidir le costais iarbhír cur chun feidhme. Is é atá sa togra seo céim eile ionsar chóras feidhmíochtbhunaithe, arna bhunú ar shainiú táscairí agus spriocanna comhaontaithe (aschuir agus torthaí). D'fhéadfadh tapúlacht agus éifeachtacht an phróisis chaighdeánaithe a bheith i sprioc den sórt sin.

6. Cé go bhfuil caighdeáin Eorpacha in úsáid go forleathan cheana féin san iompar agus sa lóistíocht, i seirbhísí poist agus i ngréasáin agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí, ní raibh ról an-mhór acu i gcur i gcrích an mhargaidh aonair i seirbhísí. Dá bhrí sin, tagann caighdeáin maidir le seirbhísí faoi raon feidhme an togra seo ionas go bhféadfaidh an Coimisiún sainorduithe a eisiúint lena n-iarrfar forbairt caighdeán Eorpach maidir le seirbhísí agus ionas go bhféadfaidh sé cuid den fhorbairt sin a mhaoiniú.

- **Bunús dlí**

Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- **Prionsabal na coimhdeachta**

Tá feidhm ag prionsabal na coimhdeachta a mhéid nach bhfuil an togra faoi inniúlacht eisiach an AE.

Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an togra a bhaint amach go leormhaith ar an cúiseanna seo thíos:

Tá an caighdeánú Eorpach ina thaca don reachtaíocht Eorpach lenar bunaíodh an Margadh Aonair agus méadaíonn sé a iomaíche atá tionscal na hEorpa. A bhuí le comhchuibhiú caighdeán ar an leibhéal Eorpach sáraítear baic theicniúla ar thrádáil a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar caighdeáin náisiúnta a thagann salach ar a chéile. Dá bhrí sin, tá réiteach ar leibhéal Eorpach de dhíth le haghaidh fadhbanna a bhaineann le caighdeánú ar leibhéal Eorpach.

Is fearr a bhainfidh gníomhaíocht de chuid an AE cuspóirí an togra amach ar na cúiseanna seo a leanas:

An sprioc arb é atá ann feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú trí bhíthin bac ar thrádáil laistigh den AE a eascraíonn ó chaighdeáin éagsúla náisiúnta maidir le táirgí a laghdú, ní fhéadfadh na Ballstáit é a bhaint amach go leordhóthanach. Measadh gurbh iomchuí, dá bhrí sin, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta agus mar gheall ar scála agus éifeachtaí na faidhbe, an sprioc a bhaint amach ar leibhéal an AE.

Tá tábhacht ar leith ag baint le caighdeáin Eorpacha i bhfeidhmiú an mhargaidh aonair i dtáirgí tionsclaíocha. Gabhann caighdeáin Eorpacha ionad caighdeán náisiúnta a bhíonn ag teacht salach ar a chéile go minic agus a d'fhéadfadh a bheith ina mbaic theicniúla ar dhul isteach i margadh náisiúnta. Áirithíonn caighdeáin chomhchuibhithe go gcomhlíonann táirgí na ceanglais riachtanacha atá leagtha amach i reachtaíocht an AE. Is ionann caighdeán 'comhchuibhithe' Eorpach a chomhlíonadh agus leibhéal riachtanach sábháilteachta táirgí a ráthú. Níl úsáid caighdeán comhchuibhithe ceangailteach go fóill, áfach, agus féadfaidh déantóir aon réiteach teicniúil eile a úsáid a léiríonn go gcomhlíonann a tháirge na ceanglais riachtanacha.

Agus an measúnú tionchair á chur i dtoll a chéile cuireadh roinnt mhaith roghanna neamhreachtacha as an áireamh i ngeall ar chúiseanna a bhaineann leis an gcoimhdeacht. Tá sé sin mínithe go mionsonraithe sa mheasúnú tionchair.

Dá bhrí sin, comhlíonann an togra prionsabal na coimhdeachta.

- **Prionsabal na comhréireachta**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta ar na cúiseanna seo a leanas:

Ní bhaineann an togra ach le feidhmiú an phróisis chaighdeánaithe ar an leibhéal Eorpach agus an comhar idir comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú d'fhonn caighdeáin náisiúnta a thagann salach ar a chéile a sheachaint.

Níl chuireann an togra seo aon ualach nua riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha, ar rialtais náisiúnta, ar údaráis réigiúnacha agus áitiúla ná ar shaoránaigh.

- **Rogha ionstraimí**

Na hionstraimí atá beartaithe: rialachán.

Ní bheadh modhanna eile leormhaith ar na cúiseanna seo a leanas:

Níl aon athrú ar reachtaíocht na mBallstát ag teastáil de bharr na roghanna atá molta ná an tsimpliúcháin. Ní bhaineann an ionstraim seo ach leis na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, leis an gcomhar idir na comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú, le rannpháirteachas eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do FBManna agus do gheallsealbhóirí sochaíocha i gcúrsaí caighdeánaithe Eorpaigh, agus leis an gCoimisiún. Dá bhrí sin, níorbh ionstraim iomchuí sa chás seo Treoir.

Chaithfeadh feidhm ghinearálta a bheith ag an ionstraim dhlí, go háirithe an chuid sin di a bhaineann le caighdeáin de chuid fóram agus cuibhreannas a úsáid sa soláthar poiblí; chaithfeadh an chuid sin a bheith infheidhme go díreach i ngach Ballstát. Ina cheann sin, bheadh roinnt oibleagáidí san ionstraim reachtach a bheadh infheidhme go díreach maidir leis an heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, na comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do FBManna agus do gheallsealbhóirí sochaíocha i gcúrsaí caighdeánaithe Eorpaigh, agus an Coimisiún. Rialachán an ionstraim is iomchuí dlí, dá bhrí sin. Níor leor roghanna eile chun na spriocanna atá beartaithe a bhaint amach.

## 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Tá na himpleachtaí buiséadacha leagtha amach sa ráiteas airgeadais.

## 5. FAISNÉIS BHREISE

- **Simpliú**

Déantar foráil leis an togra maidir le simpliú reachtaíochta.

Déanfar caighdeánú a leathnú d'fhonn seirbhísí a chumhdach. Simpleofar bainistiú airgeadais. Tá tuilleadh eolais thíos.

Áirítear an togra i gclár rollach an Choimisiúin maidir le acquis an AE a thabhairt suas chun dáta agus a shimpliú agus i gClár Oibre agus Reachtach an Choimisiúin faoin tagairt 2010/ENTR/0021.

- **Aisghairm na reachtaíochta atá ann cheana**

Má ghlactar leis an togra déanfar reachtaíocht atá ann cheana a aisghairm.

- **Clásal athbhreithnithe/leasaithe/éagtha**

Tá clásal athbhreithnithe sa togra.

- **An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch**

Ábhar a bhaineann leis an LEE atá sa ghníomh atá beartaithe agus ba cheart, dá bhrí sin, an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a chuimsiú ann.

- **Míniú mionsonraithe ar an togra**

Is é is aidhm don togra seo an méid seo a leanas a athbhreithniú agus a chumasc:

1. Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle maidir le caighdeánú i réimse TFC, trí bhíthin a fhorálacha go léir (atá imithe i léig), nach mór, a aisghairm agus córas nua a thabhairt isteach faoina bhféadfar, i réimse an tsoláthair phoiblí, caighdeáin maidir le TFC arna bhforbairt ag eagraíochtaí seachas na comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú a úsáid.

2. Treoir 98/34/CE ag leagan síos nós imeachta maidir le soláthar faisnéise i réimse na gcaighdeán agus na rialachán teicniúil agus rialacha maidir le seirbhísí sochaí faisnéise (na hAirteagail go léir a bhaineann le fógra a thabhairt i leith dréachtrialachán teicniúil, ní thagann siad faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus níl aon athrú déanta orthu), trí bhíthin an bhirt seo a leanas: leathnófar comhar Eorpach maidir le caighdeánú d'fhonn seirbhísí a chumhdach, déanfar an comhar idir na comhlachtaí náisiúnta níos trédhearcaí, beidh ionadaíocht níos fearr ag FBManna agus geallsealbhóirí sochaíocha i gcúrsaí caighdeánaithe Eorpaigh, agus áiritheofar an tacaíocht airgeadais a thugtar d'eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do FBManna agus do gheallsealbhóirí sochaíocha.

3. Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE maidir le caighdeánú Eorpach a mhaoiniú. Ní dhéanfar aon athrú ar phríomhphrionsabail an Chinnidh seo ach tabharfar isteach na heilimintí nua seo a

leanas i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais nua atá beartaithe: an t-ualach riaracháin atá ar na seirbhísí oibriúcháin agus ar na comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú a laghdú, trí bhíthin, mar shampla, an fhéidearthacht a bheith ann cnapshuimeanna a shimpliú ó bhonn, agus iad a bheidh scortha go soiléir ó aon fhíorú maidir le costais iarbhír cur chun feidhme. Is é atá sa mholadh seo céim eile ionsar chórás feidhmíochtbhunaithe, arna bhunú ar shainiú táscairí agus spriocanna comhaontaithe (aschuir agus torthaí). D'fhéadfadh tapúlacht agus éifeachtacht an phróisis chaighdeánaithe a bheith i sprioc den sórt sin.

2011/0150 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Caighdeánú Eorpach agus lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/105/CE agus 2009/23/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is é is príomhaidhm an chaighdeánaithe sonraíochtaí deonacha teicniúla nó cáilíochta a shainiú, ar sonraíochtaí iad a fhéadfaidh táirgí atá ann anois nó a bheidh ann amach anseo, próisis táirgthe nó seirbhísí a chomhlíonadh. D'fhéadfadh roinnt nithe a bheith i gceist le caighdeánú, e.g. caighdeánú grád nó toise éagsúil táirge ar leith nó caighdeánú sonraíochtaí teicniúla i margaí táirgí nó seirbhísí ina bhfuil comhoiriúnacht agus idir-inoibritheacht fíor-riachtanach.

(2) Tá caighdeánú Eorpach ina chuidiú le hiomaíocht fiontar a mhéadú trí bhíthin saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí, idir-inoibritheacht gréasán, modhanna cumarsáide, forbairt teicneolaíochta agus nuálaíocht go háirithe a éascú. Bíonn éifeachtaí dearfacha eacnamaíocha ag caighdeáin, mar shampla cuirtear chun cinn dul i bhfód ar an margadh inmheánach agus spreagtar forbairt táirgí nó margaí nua feabhsaithe, agus dálaí feabhsaithe soláthair. Is gnách, dá bhrí sin, go méadaíonn caighdeáin iomaíochas agus go laghdaíonn siad costais aschuir agus díolacháin, rud a théann chun sochair an gheilleagair ina iomláine. Is féidir le caighdeáin feabhas a chur

[1] IO C […], […], lch. […].

ar cháilíocht agus í a choimeád, faisnéis a sholáthar agus idir-inoibritheacht agus comhoiriúnacht a áirithiú, sa dóigh go méadaíonn an luach a fhaigheann tomhaltóirí.

(3) Comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú amhail an Coiste Eorpach um Chaighdeánú, an Coiste Eorpach um Chaighdeánú Leictriteicniúil agus Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide, ba cheart dóibh leanúint de bheith ag glacadh caighdeán Eorpach.

(4) Tá ról an-tábhachtach ag caighdeáin Eorpacha sa mhargadh inmheánach, thar aon ní eile de bharr na toimhdean go gcomhlíonann táirgí atá le cur ar fáil ar an margadh na ceanglais fhíor-riachtanacha atá leagtha síos i leith na dtáirgí sin i reachtaíocht an Aontais maidir le comhchuibhiú.

(5) Rialaítear caighdeánú Eorpach le creat sonrach dlí arb é atá ann trí cinn de ghníomhartha dlíthiúla, eadhon Treoir 98/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 lena leagtar síos nós imeachta maidir le soláthar faisnéise i réimse na gcaighdeán agus na rialachán teicniúil agus rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise[2], Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 maidir le caighdeánú Eorpach a mhaoiniú[3] agus Cinneadh 87/95 CEE an 22 Nollaig 1986 maidir le caighdeánú i réimse na teicneolaíochta faisnéise agus na teileachumarsáide[4]. Mar sin féin, níl an creat reatha rialála bord ar bord leis na forbairtí atá déanta sa chaighdeánú Eorpach le scór éigin blianta anuas. Ba cheart, dá bhrí sin, an creat rialála a shimpliú agus a oiriúnú d'fhonn gnéithe nua den chaighdeánú a chur san áireamh sa chaoi is go mbeidh sé cothrom leis na forbairtí is úire a rinneadh sa chaighdeánú Eorpach agus in ann ag na dúshláin a bheidh ann amach anseo. Baineann sé sin go háirithe leis an méadú atá tagtha ar fhorbairt caighdeán maidir le seirbhísí agus forás táirgí caighdeánaithe nach caighdeáin fhoirmiúla iad.

(6) D'fhonn a áirithiú go mbeidh caighdeáin agus caighdeánú ina n-uirlisí beartais éifeachtacha ag an Aontas, tá gá le córas um chaighdeánú atá éifeachtach, éifeachtúil agus inacmhainne trína bhféadfaidh na rannpháirtithe go léir teacht ar chomhaontú ar bhealach solúbtha trédhearcach.

(7) Le Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach[5] bunaítear forálacha ginearálta a éascaíonn feidhmiú na saoirse bunaíochta do sholáthróirí seirbhísí agus saorghluaiseacht seirbhísí, ag coinneáil ardchaighdeáin seirbhísí san am céanna. Cuireann an Treoir sin oibleagáid ar na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún, forbairt caighdeán Eorpach deonach a spreagadh féachaint comhoiriúnacht a éascú idir seirbhísí arna soláthar ag soláthróirí i mBallstáit éagsúla, faisnéis arna soláthar don fhaighteoir agus cáilíocht seirbhísí. Níl feidhm ag Treoir 98/34/CE ach maidir le caighdeáin maidir le táirgí, áfach – níl caighdeáin maidir le seirbhísí cumhdaithe go sainráite aici. Mar sin féin, tá ag laghdú ar ábharthach an dealaithe idir seirbhísí agus earraí ar an margadh inmheánach. Go Praiticiúil, ní i gcónaí is féidir dealú soiléir a dhéanamh idir caighdeáin maidir le táirgí agus caighdeáin maidir le seirbhísí. Is iomaí

---

2 IO L 24, 21.07.1998, lch. 37.
3 IO L 315, 15.11.2006, lch. 9.
4 IO L 36, 07.02.1987, lch. 31.
5 IO L 376, 27.12.2006.

sin caighdeán maidir le táirgí a mbaineann cuid de le seirbhísí agus a mhalairt. Is gá, dá bhrí sin, an creat dlíthiúil a chur in oiriúint do na dálaí nua sin trí bhíthin a raon feidhme a leathnú d'fhonn caighdeáin maidir le seirbhísí a chumhdach.

(8) Is faoi thionchair an mhargaidh ba cheart caighdeáin dheonacha maidir le seirbhísí a fhorbairt, i.e. ba cheart tosaíocht a bheith ag riachtanais oibreoirí eacnamaíocha agus geallsealbhóirí a ndéanann an caighdeán difear dóibh go díreach, agus ba cheart leas an phobail a chur san áireamh iontu agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar chomhthoiliú. Ina cheann sin, ba cheart iad a bheith dírithe go príomha ar sheirbhísí a bhaineann le táirgí agus próisis.

(9) Tá na comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú faoi réir dlí iomaíochta a mhéid is féidir a mheas gur gnóthais nó comhlachas gnóthas iad de réir bhrí Airteagal 101 agus Airteagal 102 den Chonradh.

(10) Laistigh den Aontas, is iad na comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú a ghlacann caighdeáin náisiúnta, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le caighdeáin a bheadh ag teacht salach ar a chéile agus le baic theicniúla sa mhargadh inmheánach. Is gá, dá bhrí sin, ar mhaithe leis an margadh inmheánach agus éifeachtacht an phróisis chaighdeánaithe laistigh den Aontas, an malartú tráthrialta faisnéise a dhéantar idir na comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú, na comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú agus an Coimisiún maidir le hobair chaighdeánaithe atá á déanamh faoi láthair agus a dhéanfar amach anseo a dhearbhú. Ba cheart an malartú sin faisnéise a ailíniú le hIarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Baic Theicniúla ar Thrádáil, arna fhormheas le Cinneadh Uimh. 80/271/CEE ón gComhairle an 10 Nollaig 1979 maidir le Comhaontuithe Iltaobhacha a tháinig as caibidlíochtaí trádála na mblianta 1973–1979[6] a chur i gcrích.

(11) An malartú tráthrialta faisnéise idir na comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú, na comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú agus an Coimisiún, níor cheart go gcuirfeadh sé cosc ar na comhlachtaí um chaighdeánú oibleagáidí agus gealltanais eile a chomhlíonadh, go háirithe comhlíonadh Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Baic Theicniúla ar Thrádáil.

(12) Bíonn caighdeáin ina gcuidiú bearta Eorpacha a chur in oiriúint do mhórdhúshláin shocaíocha amhail an t-athrú aeráide, úsáid inbhuanaithe acmhainní, aosú agus an nuálaíocht go ginearálta. D'fhéadfadh an Eoraip buntáiste iomaíochta a thabhairt dá chuideachtaí agus trádáil a éascú ach forbairt caighdeán Eorpach nó idirnáisiúnta maidir le hearraí agus teicneolaíochtaí a chur chun cinn i margaí atá fairsingiú.

(13) Uirlisí tairbheacha do ghnóthais iad caighdeáin, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna' anseo feasta) go háirithe. Ó tharla, áfach, nach bhfuil FBManna páirteach a ndóthain sa chóras caighdeánaithe, tá an baol ann nach gcuirfear a riachtanais agus na nithe a dhéanann scim dóibh san áireamh. Tá sé sár-riachtanach, dá bhrí sin, baint agus páirt níos mó a bheith ag FBManna sa phróiseas caighdeánaithe, agus sna coistí teicniúla go háirithe.

---

[6] IO L 71, 17.3.1980, lch. 1.

(14) Tá caighdeáin Eorpacha ríthábhachtach ó thaobh a iomaíche atá FBManna, ach is amhlaidh atá FBManna tearcionadaithe i gcúrsaí caighdeánaithe, ar leibhéal na hEorpa go háirithe. Ba cheart, dá bhrí sin, go n-áiritheodh an Rialachán seo go ndéanfaidh eintiteas ag a bhfuil na cáilíochtaí iomchuí ionadaíocht chuí thar ceann FBManna sa phróiseas Eorpach um chaighdeánú.

(15) Ina theannta sin, is féidir tionchar mór a bheith ag caighdeáin ar an tsochaí, agus go háirithe ar shábháilteacht agus ar leas tomhaltóirí, ar éifeachtúlacht gréasán, ar an gcomhshaol agus ar réimsí beartais phoiblí eile. Is gá a áirithiú, dá bhrí sin, go neartófar ról agus ionchur geallsealbhóirí sochaíocha i saothrú caighdeán, trí thacaíocht a fháil ó eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann leasanna tomhaltóirí, leasanna comhshaoil, agus leasanna geallsealbhóirí sochaíocha.

(16) A oiread is féidir, ba cheart an tionchar a imreoidh táirgí agus seirbhísí ar an gcomhshaol le linn a saolré a chur san áireamh i gcaighdeáin. Tá forbartha ag Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin uirlisí tábhachtacha, a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar den sórt sin.

(17) Tá inmharthanacht an chomhair idir an Coimisiún agus an córas um chaighdeánú Eorpach ag brath ar iarratais ar fhorbairt caighdeán a dhéanfar amach anseo a bheith pleanáilte go cáiréiseach. D'fhéadfaí feabhas a chur ar an bpleanáil sin, go háirithe trí ionchur a bheith ag páirtithe leasmhara. Ó tharla go bhforáiltear cheana le Treoir 98/34/CE maidir leis an bhféidearthacht iarraidh ar chomhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin Eorpacha a dhéanamh, is iomchuí cineál pleanála níos fearr agus níos trédhearcaí a leagan síos sa chlár oibre bliantúil, pleanáil inar cheart osamharc a bheith ar gach iarratas ar chaighdeáin atá rún ag an gCoimisiún a chur faoi bhráid na gcomhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú.

(18) Tá sé sonraithe i roinnt Treoracha lena gcomhchuibhítear na coinníollacha faoina margaítear táirgí go bhféadfaidh an Coimisiún iarraidh ar na comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin chomhchuibhithe Eorpacha a ghlacadh, agus gur toimhde comhréireachta leis na ceanglais fhíor-riachtanacha a bheidh sa ghlacadh sin. Mar sin féin, i roinnt mhaith de na gníomhartha reachtacha sin tá go leor cineálacha forálacha maidir le hagóid a dhéanamh i gcoinne na gcaighdeán sin nuair nach gcumhdaíonn na caighdeáin na ceanglais is infheidhme nó nuair nach gcumhdaíonn siad ina n-iomláine iad. Tá forálacha éagsúla sna Treoracha seo a leanas, go háirithe, forálacha arb é atá mar thoradh orthu neamhchinnteacht d'oibreoirí eacnamaíocha agus do chomhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú: Treoir 89/686/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1989 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát maidir le trealamh cosanta pearsanta[7]; Treoir 93/15/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le comhchuibhiú na bhforálacha i ndáil le pléascáin le haghaidh úsáidí sibhialta a chur ar an margadh agus a mhaoirsiú[8]; Treoir 94/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Márta 1994 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát maidir le trealamh agus córais chosanta atá ceaptha lena n-úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach[9]; Treoir 94/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meitheamh 1994 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha

[7] IO L399, 30.12.1989, lch.18.
[8] *IO L 121, 15.5.1993, lch. 20.*
[9] IO L 100, 19.4.1994, lch. 1.

riaracháin na mBallstát a bhaineann le hárthaí áineasa[10]; Treoir 95/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Meitheamh 1995 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hardaitheoirí[11]; Treoir 97/23/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Bealtaine 1997 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát maidir le brú-threalamh[12]; Treoir 2004/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le huirlisí tomhais[13]; Treoir 2007/23/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Bealtaine 2007 maidir le hearraí piriteicniúla a chur ar an margadh[14]; Treoir 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le hárthaigh bhrú shimplí[15]; agus Treoir 2009/23/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le huirlisí neamh-uathoibríocha meáite[16]. Is gá, dá bhrí sin, an nós imeachta aonfhoirmeach dá bhforáiltear i gCinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le comhchreat le haghaidh margú táirgí agus lena n-aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE[17] ón gComhairle a chur ar áireamh sa Rialachán seo agus na forálacha ábhartha sna Treoracha sin a scrios.

(19) Ba cheart d'údaráis phoiblí an úsáid is fearr is féidir a bhaint as raon iomlán na gcaighdeán ábhartha atá ann agus iad ag soláthar crua-earraí, bogearraí agus seirbhísí teicneolaíochta faisnéise, trí bhíthin, mar shampla, caighdeáin a roghnú is féidir le gach soláthraí leasmhar a úsáid, rud a chothóidh iomaíocht agus a laghdóidh an baol gur chliaint faoi chuing a bheidh sna comhlachtaí sin. I dTreoir 2004/17/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena gcomhordaítear na nósanna imeachta um sholáthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist[18] agus i dTreoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí a chomhordú[19], sonraítear gur cheart sonraíochtaí teicniúla sa soláthar poiblí a shainiú le tagairt do chaighdeáin náisiúnta a thrasuíonn caighdeáin Eorpacha, d'fhormheasanna teicniúla Eorpacha, do shonraíochtaí teicniúla comhchoiteanna, do chaighdeáin idirnáisiúnta, do chórais eile tagairtí teicniúla arna mbunú ag na comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú nó – nuair nach ann dóibh sin – trí thagairtí do caighdeáin náisiúnta, formheasanna teicniúla náisiúnta nó sonraíochtaí teicniúla náisiúnta a bhaineann le dearadh, ríomh agus cur i gcrích na n-oibreacha agus le húsáid na dtáirgí, nó a gcoibhéis. Is minic, áfach, gur eagraíochtaí eile um fhorbairt caighdeán a fhorbraíonn na caighdeáin i réimse na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus nach dtagann siad faoi aon cheann de na catagóirí caighdeán agus formheasanna atá leagtha síos i dTreoir 2004/17/CE agus i dTreoir 2004/18/CE. Is gá, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh go bhféadfadh sonraíochtaí teicniúla maidir le soláthar poiblí tagairt a dhéanamh do chaighdeáin i réimse na dteicneolaíochtaí faisnéise agus

---

10 IO L164, 30.6.1994, lch.15.
11 IO L 123, 7.9.1995, lch. 1.
12 IO L 181, 9.7.1997, lch. 1.
13 IO L 135, 30. 4.2004, lch. 1.
14 IO L 154, 14.6.2007, lch. 1.
15 IO L 264, 8.10.2009, lch. 12.
16 IO L 122, 16.5.2009, lch. 6.
17 IO L 218, 13.8.2008, lch. 82.
18 IO L 134, 30.4.2004, lch. 114.
19 IO L 134, 30.4.2004, lch.114.

cumarsáide, d'fhonn a bheith in ann ag an bhforás atá ag teacht ar réimse na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, soláthar trasteorann seirbhísí a éascú, iomaíocht a chothú agus idir-inoibritheacht agus nuálaíocht a chur chun cinn.

(20) Tá roinnt caighdeán i réimse na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide nach bhforbraítear de réir na gcritéar atá leagtha amach in Iarscríbhinn 3 den Chomhaontú maidir le Baic Theicniúla ar Thrádáil. Ba cheart, dá bhrí sin, nós imeachta um roghnú caighdeán i réimse na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a leagan síos sa Rialachán seo a d'fhéadfaí a úsáid sa soláthar poiblí, nós imeachta lena rachfaí i gcomhairle le cuid mhór geallsealbhóirí éagsúla, lena n-áirítear na comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú, fiontair agus údaráis phoiblí. Ba cheart ceanglais a leagan síos leis an Rialachán seo freisin, i bhfoirm liosta tréithe, le haghaidh na gcaighdeán sin agus na bpróiseas caighdeánaithe atá gaolmhar leo. Ba cheart a áirithiú leis na tréithe sin go n-urramófar cuspóirí beartais phoiblí agus riachtanas na sochaí, agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar na critéir a forbraíodh san Eagraíocht Trádála Domhanda maidir le heagraíochtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú.

(21) D'fhonn nuálaíocht agus iomaíocht idir réitigh chaighdeánaithe a chothú, níor cheart go bhfágfadh aitheantas a bheith faighte ag sonraíocht theicniúil ar leith nach bhféadfaí sonraíocht theicniúil iomaíoch a aithint i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo. Ba cheart aon aitheantas a bheith faoi réir chomhlíonadh na dtréithe agus faoi réir íosleibhéal glactha sa mhargadh a bheith ag an sonraíocht theicniúil. Ní ceart a thuiscint gurb ionann rud a bheith ghlactha sa mhargadh agus é a bheith curtha chun feidhme go forleathan ann.

(22) D'fhéadfadh na caighdeáin a roghnaítear i réimse na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme Chinneadh Uimh. 922/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le réitigh idir-inoibritheachta do riaracháin phoiblí Eorpacha (ISA)[20] lena mbunaítear, don tréimhse 2010-2015, clár um réitigh idir-inoibritheachta do riaracháin phoiblí Eorpacha agus d'institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, lena soláthraítear réitigh choiteanna agus réitigh chomhroinnte a éascaíonn idir-inoibritheacht.

(23) I gcásanna áirithe i réimse na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide d'fhéadfadh sé a bheith iomchuí úsáid caighdeán sonraithe ar leibhéal an Aontais a spreagadh, nó comhlíonadh na gcaighdeán sin a bheith ceangailte, d'fhonn idir-inoibritheacht sa mhargadh aonair a áirithiú agus d'fhonn níos mó saoirse rogha a thabhairt d'úsáideoirí. I gcásanna eile, d'fhéadfadh sé nach riarfadh caighdeáin Eorpacha shonraithe a thuilleadh ar riachtanais tomhaltóirí nó go gcuirfidís bac le dul chun cinn teicniúil. Ar na cúiseanna sin, le Treoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le comhchreat rialúcháin i gcomhair líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí[21], cumasaítear don Choimisiún, nuair is gá, iarraidh ar chomhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin a tharraingt suas, liosta caighdeán agus/nó sonraíochtaí a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* a bhunú féachaint a n-úsáid a spreagadh, nó a gcur chun feidhme a dhéanamh éigeantach, nó féachaint caighdeáin agus/nó sonraíochtaí a bhaint den liosta.

---

[20] IO L 260, 3.10.2009, lch. 20.
[21] IO L 108, 24..4.2002, lch.33.

(24) Níor cheart an Rialachán seo cosc a chur ar chomhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú leanúint de bheith ag forbairt caighdeán i réimse na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide ná de bheith ag géarú ar an gcomhoibriú a dhéanann siad le comhlachtaí eile a fhorbraíonn caighdeáin, go háirithe i réimse na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, d'fhonn comhsheasmhacht a áirithiú agus d'fhonn ilroinnt agus dúbailt a sheachaint agus caighdeáin agus sonraíochtaí á gcur chun feidhme.

(25) Le Cinneadh 1673/2006/CE bunaítear na rialacha maidir le ranníocaíocht an Aontais leis an maoiniú a thugtar chun chaighdeánú Eorpach a dhéanamh d'fhonn a áirithiú go ndéanfar caighdeáin Eorpacha agus táirgí insoláthartha eile a bhaineann le caighdeánú Eorpach a fhorbairt agus a athbhreithniú sa chaoi is go dtacóidh siad le cuspóirí, reachtaíocht, agus beartais an Aontais. Is iomchuí, dá bhrí sin, ar mhaithe le simplíocht i gcúrsaí riaracháin agus buiséadacha, forálacha an Chinnidh sin a ionchorprú sa Rialachán seo i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais nua atá beartaithe.

(26) Ó tharla go dtacaíonn caighdeánú Eorpach le beartais agus reachtaíocht an Aontais i raon ríleathan réimsí agus ó tharla cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí caighdeánaithe a bheith ann, is ga foráil a dhéanamh maidir le socruithe éagsúla maoinithe. Thar aon ní eile, baineann sé sin le deontais gan glaonna ar thairiscintí a thugtar do na comhlachtaí Eorpacha agus náisiúnta um chaighdeánú i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 110(1) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach[22] agus le hAirteagal 168(1)(d) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2342/2002 ón gCoimisiún an 23 Nollaig 2002 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach[23]. Ina theannta sin, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha céanna maidir leis na comhlachtaí sin nach n-aithnítear mar chomhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú sa Rialachán seo ach ar tugadh údarás dóibh i ngníomh bunúsach agus ar cuireadh de chúram orthu réamhobair a dhéanamh chun cuidiú le caighdeánú Eorpach, i gcomhar leis na comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú.

(27) Sa mhéid is go leanann comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú de bheith ag tacú le gníomhaíochtaí an Aontais, ba cheart lár-runaíochtaí éifeachtacha éifeachtúla a bheith acu. Ba cheart, dá bhrí sin, cead a bheith ag an gCoimisiún deontais a sholáthar do na comhlachtaí sin a fhéachann le cuspóir a bhaint amach a bhaineann le leas ginearálta an Aontais gan, i gcás deontas oibriúcháin, prionsabal an laghdaithe bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 113(2) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 a chur i bhfeidhm.

(28) I gCinneadh Uimh. 1639/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena mbunaítear Clár Réime Iomaíochais agus Nuálaíochta (2007–2013)[24], i gCinneadh Uimh. 1926/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 lena mbunaítear clár gníomhaíochta Comhphobail maidir le beartas tomhaltóirí (2007–2013)[25], agus i Rialachán (CE) Uimh. 614/2007 ó

---

22 IO L 248, 16.9.2002, lch. 1.
23 IO L 357, 31.12.2002, lch. 1.
24 IO L 310, 9.11.2006, lch. 15.
25 IO L 404, 30.12.2006, lch. 39.

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Bealtaine 2007 maidir leis an Ionstraim Airgeadais don Chomhshaol (LIFE+)[26], tá foráil déanta cheana féin maidir le tacaíocht airgeadais a thabhairt d'eagraíochtaí Eorpacha a dhéanann ionadaíocht thar ceann FBManna, tomhaltóirí agus leasanna comhshaoil i gcúrsaí caighdeánaithe, agus íoctar deontais shonracha le heagraíochtaí Eorpacha a dhéanann ionadaíocht thar ceann leasanna sóisialta i gcúrsaí caighdeánaithe. An maoiniú a dhéantar faoi Chinneadh Uimh. 1639/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1926/2006/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 614/2007, tiocfaidh deireadh leis an 31 Nollaig 2013. Chun caighdeánú Eorpach a fhorbairt tá sé fíor-riachtanach leanúint de bheith ag spreagadh eagraíochtaí Eorpacha a dhéanann ionadaíocht thar ceann FBManna, tomhaltóirí, agus leasanna comhshaoil agus sóisialta. Féachann eagraíochtaí den sórt sin le cuspóir a bhaint amach a bhaineann le leas ginearálta Eorpach, agus is éard atá iontu, de bhua an tsainordaithe shonraigh a thug eagraíochtaí neamhbhrabúsacha náisiúnta dóibh, gréasán Eorpach a dhéanann ionadaíocht do chomhlachtaí neamhbhrabúsacha atá gníomhach sna Ballstáit agus a chuireann chun cinn prionsabail agus beartais a luíonn le cuspóirí na gConarthaí. I ngeall ar an gcomhthéacs ina bhfeidhmíonn siad agus a gcuspóirí reachtúla, tá ról buan ag eagraíochtaí Eorpacha a dhéanann ionadaíocht thar ceann FBManna, tomhaltóirí agus leasanna comhshaoil agus sóisialta i gcúrsaí caighdeánaithe Eorpaigh, ar ról é nach bhféadfadh gníomhaíochtaí agus beartais an Aontais a dhéanamh dá uireasa. Dá bhrí sin, ba cheart go bhféadfadh an Coimisiún leanúint de bheith ag soláthar deontas do na comhlachtaí sin gan, i gcás deontas oibriúcháin, prionsabal an laghdaithe bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 113(2) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 a chur i bhfeidhm.

(29) Ba cheart gur leor an maoiniú a thugtar do ghníomhaíochtaí caighdeánaithe chun réamhghníomhaíochtaí nó gníomhaíochtaí coimhdeacha a bhaineann le bunú caighdeán nó bunú táirgí eile caighdeánaithe a chumhdach freisin. Tá sé sin riachtanach go príomha le haghaidh oibre taighde, ullmhú réamhdhoiciméad le haghaidh reachtaíochta, tástálacha idirshaotharlainne agus bailíochtú nó measúnú caighdeán. Ba cheart leanúint de bheith ag cur chun cinn gníomhaíochtaí caighdeánaithe ar leibhéal Eorpach agus ar leibhéal idirnáisiúnta trí bhíthin clár a bhaineann le cúnamh teicniúil a thabhairt do thríú tíortha le dul i gcomhar leis na tíortha sin. D'fhonn an rochtain atá ar an margadh a fheabhsú agus d'fhonn a iomaíche atá fiontair an Aontais a neartú, ba cheart go bhféadfaí deontais a thabhairt do chomhlachtaí eile trí ghlaonna ar thairiscintí nó, nuair is gá, trí dheontais a thabhairt.

(30) Ba cheart gurbh é ab aidhm do mhaoiniú an Aontais caighdeáin nó táirgí eile caighdeánaithe a bhunú, an úsáid a bhaineann fiontair as caighdeáin a éascú trína n-aistriú isteach i dteangacha oifigiúla an Aontais, a chomhtháite atá an córas um chaighdeánú Eorpach a neartú, agus féachaint chuige go mbeidh rochtain chothrom thrédhearcach ar chaighdeáin Eorpacha ag gach gníomhaire margaidh ar fud an Aontais. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcásanna ina bhfágann úsáid caighdeán gur féidir gníomhartha reachtacha de chuid an Aontais a chomhlíonadh.

(31) D'fhonn cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart go bhféadfaí an saineolas is gá a úsáid, go háirithe a fhad a bhaineann le hiniúchóireacht agus bainistiú airgeadais, mar aon le hacmhainní tacaíochta riaracháin a éascaíonn cur chun feidhme, agus ba cheart go bhféadfaí meastóireacht thráthrialta a dhéanamh ar a

---

[26] IO L 149, 9.6.2007, lch. 1.

ábhartha atá gníomhaíochtaí dá dtugann an tAontas maoiniú, d'fhonn a áirithiú go bhfuil siad úsáideach agus éifeachtach.

(32) Ba cheart bearta iomchuí a dhéanamh le cosc a chur ar chalaois agus ar mhírialtachtaí agus le cistí a íocadh go míchuí a aisghabháil, i gcomhréir le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le cosaint leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach[27] agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ar chalaois agus ar mhírialtachtaí eile[28] agus Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)[29].

(33) D'fhonn liostaí na gcomhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú a thabhairt cothrom le dáta, na critéir maidir le haithint caighdeán i réimse na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a chur in oiriúint d'fhorbairtí teicniúla agus na critéir maidir le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do gheallsealbhóirí FBManna agus sochaíocha a chur in oiriúint d'fhorbairtí nua a bhaineann le cineál neamhbhrabúsach na n-eagraíochtaí sin agus lena ionadaíche atá siad, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean don Choimisiún a fhad a bhaineann le leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo. Tá sé an-tábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúcháin oiriúnacha le linn na réamhoibre, comhairliúcháin le saineolaithe san áireamh.

(34) Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur an tráth céanna, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

(35) D'fhonn a áirithiú go mbeidh coinníollacha cur chun feidhme an Rialacháin seo aonfhoirmeach, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann le meicníochtaí maidir le rialú na mBallstát ar fheidhmiú inniúlachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin[30].

(36) Ba cheart an nós imeachta comhairliúcháin a úsáid i gcás cinntí cur chun feidhme a bhaineann le hagóidí i gcoinne caighdeán comhchuibhithe a mheasann an Coimisiún údar a bheith leo más rud é nár foilsíodh go fóill in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe i gceist, ós rud é nach raibh ann go fóill de thoradh an chaighdeáin i gceist toimhde comhréireachta leis na ceanglais fhíor-riachtanacha arna leagan amach i reachtaíocht infheidhme de chuid an Aontais maidir le comhchuibhiú.

---

[27] IO L 312, 23.12.1995, lch.1.
[28] IO L 292, 15.11.1996, lch.2.
[29] IO L 136, 31.5.1999, lch. 1.
[30] IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

(37) Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid i gcás cinntí cur chun feidhme a bhaineann le hagóidí i gcoinne caighdeán comhchuibhithe a mheasann an Coimisiún údar a bheith leo más rud é gur foilsíodh cheana in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe i gceist, ós rud é go bhféadfadh cinntí dá leithéidí tionchar a imirt ar thoimhde na comhréireachta leis na ceanglais infheidhme fhíor-riachtanacha.

(38) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit caighdeánú ar leibhéal Eorpach a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr is féidir dá bhrí sin, de bharr a fhairsinge agus a éifeachta, é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil gá leis chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(39) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoracha 98/34/CE, 89/686/CEE, 93/15/CEE, 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/105/CE agus 2009/23/CE a leasú dá réir.

(40) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 1673/2006/CE agus Cinneadh 87/95/CEE a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Caibidil I
# Forálacha Ginearálta

*Airteagal 1*
*Ábhar*

Bunaítear leis an Rialachán seo rialacha maidir leis an gcomhar idir comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú, comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú agus an Coimisiún, maidir le bunú caighdeán Eorpach agus táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach is infheidhme maidir le táirgí agus seirbhísí chun tacú le reachtaíocht agus beartais de chuid an Aontais, maidir le haithint sonraíochtaí teicniúla i réimse na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide ('TFC' anseo feasta) agus maidir le caighdeánú Eorpach a mhaoiniú.

*Airteagal 2*
*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'caighdeán' sonraíocht theicniúil atá ceaptha lena fheidhmiú arís is arís nó ar bhonn leantach, caighdeán nach bhfuil a chomhlíonadh éigeantach, agus a thagann faoi réir ceann de na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'caighdeán idirnáisiúnta' caighdeán arna ghlacadh ag comhlacht idirnáisiúnta um chaighdeánú;

(b) ciallaíonn 'caighdeán Eorpach' caighdeán arna ghlacadh ag comhlacht Eorpach um chaighdeánú;

(c) ciallaíonn 'caighdeán comhchuibhithe' caighdeán Eorpach arna ghlacadh ar bhonn iarrata ón gCoimisiún ar chur i bhfeidhm reachtaíocht de chuid an Aontais maidir le comhchuibhiú;

(d) ciallaíonn 'caighdeán náisiúnta' caighdeán arna ghlacadh ag comhlacht náisiúnta um chaighdeánú;

(e) ciallaíonn 'caighdeán TFC' caighdeáin i réimse na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide.

(2) Ciallaíonn 'táirge insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach' aon sonraíocht theicniúil seachas caighdeán Eorpach, sonraíocht arna glacadh ag comhlacht Eorpach um chaighdeánú agus atá ceaptha lena fheidhmiú arís is arís nó ar bhonn leantach agus nach bhfuil a chomhlíonadh éigeantach;

(3) ciallaíonn 'dréachtchaighdeán' doiciméad ina bhfuil téacs na sonraíochtaí teicniúla a bhaineann le hábhar ar leith, díreach mar atá sé tar éis na hoibre ullmhúcháin agus nuair a phoiblítear é lena mheas nó lena scrúdú, ar doiciméad é a bhfuiltear a chuimhneamh ar a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta ábhartha maidir le caighdeáin;

(4) Ciallaíonn 'sonraíocht theicniúil' sonraíocht atá i ndoiciméad ina leagtar síos ceann amháin acu seo a leanas:

(a) na saintréithe a chaithfidh a bheith ag táirge, lena n-áirítear leibhéil cháilíochta, feidhmíocht, idir-inoibritheacht, sábháilteacht nó toisí, agus na ceanglais is infheidhme maidir leis an táirge i dtaca leis an ainm faoina ndíoltar é, téarmaíocht, siombailí, tástáil agus modhanna tástála, pacáistíocht, marcáil nó lipéadú agus nósanna imeachta um chomhlíonadh a mheasúnú;

(b) modhanna agus próisis táirgthe a úsáidtear le haghaidh táirgí talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 38(1) den Chonradh, táirgí atá ceaptha mar bhia do dhaoine nó d'ainmhithe, táirgí íocshláinte, mar aon le modhanna agus próisis táirgthe a bhaineann le táirgí eile, i gcás ina n-imríonn siad tionchar ar a saintréithe;

(c) na saintréithe a chaithfidh a bheith ag seirbhís, lena n-áirítear leibhéil cháilíochta, feidhmíocht, idir-inoibritheacht, sábháilteacht, agus na ceanglais is infheidhme maidir leis an soláthraí ó thaobh na faisnéise atá le cur ar fáil don fhaighteoir, dá dtagraítear in Airteagal 22(1)–22(3) de Threoir 2006/123/CE;

(d) na modhanna agus na critéir maidir le feidhmíocht táirgí foirgníochta a mheasúnú, arna shainiú in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos

coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle[31], i ndáil lena mbuntréithe.

(5) ciallaíonn 'táirge' aon táirge arna mhonarú go tionsclaíoch, nó aon táirge talmhaíochta, lena n-áirítear táirgí éisc;

(6) ciallaíonn 'seirbhís' aon ghníomhaíocht eacnamaíoch neamhspleách a sholáthraítear de ghnáth ar luach saothair, dá dtagraítear in Airteagal 57 den Chonradh;

(7) ciallaíonn 'comhlacht Eorpach um chaighdeánú' comhlacht dá dtagraítear in Iarscríbhinn I.

(8) Ciallaíonn 'comhlacht idirnáisiúnta um chaighdeánú' Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO), an Coimisiún Idirnáisiúnta Leictriteicniúil (IEC) agus an tAontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide (ITU);

# Caibidil II
# Trédhearcacht agus rannpháirteachas na ngeallsealbhóirí

*Airteagal 3*
*Trédhearcacht chláir oibre na gcomhlachtaí um chaighdeánú*

1. Uair sa bhliain, ar a laghad, déanfaidh gach comhlacht náisiúnta agus Eorpach um chaighdeánú a chlár oibre a bhunú. Beidh sa chlár oibre sin faisnéis maidir leis na caighdeáin agus na táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach a bhfuil sé de rún aige a ullmhú nó a leasú, atá á n-ullmhú nó á leasú aige agus a ghlac sé sa tréimhse roimhe sin, ach amháin má tá siad comhionann nó coibhéiseach le trasuímh caighdeán idirnáisiúnta nó Eorpach.

2. Luafar sa chlár oibre an méid seo a leanas maidir le gach caighdeán agus gach táirge insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach:

   (a) an t-ábhar;

   (b) an chéim atá bainte amach i bhforbairt na gcaighdeán agus i bhforbairt na dtáirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach;

   (c) tagairtí aon chaighdeán idirnáisiúnta a úsáideadh mar bhonn.

3. Déanfaidh gach comhlacht Eorpach agus náisiúnta um chaighdeánú a chlár oibre a chur ar fáil ar a shuíomh gréasáin nó ar aon suíomh gréasáin eile a bhfuil teacht ag an bpobal air agus cuirfidh sé fógra ar fhoilseachán náisiúnta, nó i gcás inarb iomchuí, ar fhoilseachán Eorpach a bhaineann le caighdeánú, á thabhairt le fios gurb ann don chlár oibre.

4. Tráth nach déanaí ná tráth fhoilsiú a chláir oibre, déanfaidh gach comhlacht Eorpach agus náisiúnta um chaighdeánú fógra a thabhairt do na comhlachtaí eile Eorpacha

---

[31] IO L 88, 4.4.2011, lch.5.

agus náisiúnta um chaighdeánú agus don Choimisiún á chur in iúl dóibh gurb ann don chlár oibre.

5. Ni fhéadfaidh comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú agóid a dhéanamh i gcoinne ábhair chaighdeánaithe a bheith ar áireamh i gclár oibre comhlachta Eorpaigh um chaighdeánú.

*Airteagal 4*
*Trédhearcacht caighdeán*

1. Déanfaidh gach comhlacht Eorpach agus náisiúnta um chaighdeánú aon dréachtchaighdeán náisiúnta, aon dréachtchaighdeán Eorpach agus aon dréacht-táirge insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach a chur chuig comhlachtaí Eorpacha agus náisiúnta eile agus chuig an gCoimisiún, arna iarraidh sin dóibh.

2. Déanfaidh gach comhlacht Eorpach agus náisiúnta um chaighdeánú freagra a thabhairt gan mhoill ar aon bharúlacha maidir le haon dréacht dá shórt a fhaigheann siad ó aon chomhlacht Eorpach nó náisiúnta eile um chaighdeánú nó ón gCoimisiún, agus cuirfidh siad na barúlacha sin san áireamh.

3. Áiritheoidh comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú an méid seo a leanas:

(a) go bhfoilseofar dréachtchaighdeáin sa chaoi is go mbeidh faill ag páirtithe atá bunaithe i mBallstáit eile barúlacha a chur isteach;

(b) go bhféadfaidh comhlachtaí eile náisiúnta um chaighdeánú páirt éighníomhach nó ghníomhach a ghlacadh sna gníomhaíochtaí atá beartaithe trí bhreathnóir a chur ann.

*Airteagal 5*
*Rannpháirteachas geallsealbhóirí sa chaighdeánú Eorpach*

1. Áiritheoidh comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú go ndéanfar ionadaíocht iomchuí thar ceann fiontar beag agus meánmhéide ('FBManna' anseo feasta), eagraíochtaí tomhaltóirí agus geallsealbhóirí comhshaoil agus sochaíocha, go háirithe trí na heagraíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn III, ag leibhéal forbartha beartas, agus ar a laghad ag na céimeanna seo a leanas d'fhorbairt caighdeán Eorpach nó d'fhorbairt táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach:

(a) ítimí nua oibre a mholadh agus a ghlacadh;

(b) plé teicniúil ar mholtaí;

(c) barúlacha maidir le dréachtaí a chur isteach;

(d) athbhreithniú a dhéanamh ar caighdeáin Eorpacha nó ar tháirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach atá ann cheana;

(e) craobhscaoileadh caighdeán Eorpach nó táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach arna nglacadh agus feasacht ina leith a mhéadú;

2. Áiritheoidh comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú go ndéanfar ionadaíocht iomchuí, ar leibhéal teicniúil, thar ceann gnóthas, ionad taighde, ollscoileanna agus eintiteas dlíthiúil eile, i ngníomhaíochtaí caighdeánaithe a bhaineann le réimse atá ag dul i dtábhacht agus a bhfuil mórimpleachtaí aici ó thaobh beartas agus nuálaíochta teicniúla, más rud é gur ghlac an t-eintiteas dlíthiúil lena mbaineann páirt i dtionscadal a bhaineann le réimse a mhaoiníonn an tAontas faoi chreatchlár ilbhliantúil le haghaidh gníomhaíochtaí i réimse na taighde agus na forbartha teicneolaíochta.

# Caibidil III
# Caighdeáin Eorpacha agus táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach a thacaíonn le reachtaíocht agus beartais an Aontais

*Airteagal 6*
*Clár oibre an Choimisiúin um chaighdeánú Eorpach*

1. Glacfaidh an Coimisiún clár oibre bliantúil um chaighdeánú Eorpach, ar clár oibre é lena sonróidh an Coimisiún na caighdeáin Eorpacha agus na táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach atá sé ar intinn aige a iarraidh ar na comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú i gcomhréir le hAirteagal 7.

2. Sonrófar sa chlár oibre um chaighdeánú Eorpach dá dtagraítear i mír 1 na cuspóirí sainiúla agus na beartais shainiúla maidir leis na caighdeáin Eorpacha chomh maith le táirgí insoláthartha eile a bhaineann le caighdeánú Eorpach atá sé ar intinn ag an gCoimisiún a iarraidh ar na comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú. I gcásanna práinne, is féidir leis an gCoimisiún iarrataí a eisiúint gan réamhfhógra a thabhairt.

*Airteagal 7*
*Caighdeánú a iarraidh ar chomhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú*

1. Féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar chomhlacht Eorpach um chaighdeánú nó ar roinnt comhlachtaí den chineál sin caighdeán Eorpach nó táirge insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach a dhréachtú faoi spriocdháta a bheidh leagtha síos. Beidh siad margadh-bhunaithe, tabharfaidh siad aird ar leas an phobail agus agus beidh siad bunaithe ar chomhthoil.

2. Tabharfaidh an comhlacht Eorpach ábhartha um chaighdeánú le fios, laistigh d'aon mhí ón iarraidh dá dtagraítear i mír 1 a fháil, an nglacann sé leis an iarraidh sin nó nach nglacann.

3. Laistigh de thrí mhí tar éis an glacadh dá dtagraítear i mír 2 a fháil, cuirfidh an Coimisiún an comhlacht Eorpach ábhartha um chaighdeánú ar an eolas faoi dheontas a thabhairt chun caighdeán Eorpach nó táirge insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach a dhréachtú.

4. Cuirfidh na comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú an Coimisiún ar an eolas faoi aon ghníomhaíochtaí a dhéantar chun na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 a fhorbairt.

*Airteagal 8*
*Agóidí i gcoinne caighdeán comhchuibhithe*

1. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann caighdeán comhchuibhithe na ceanglais is cuspóir dó a chomhlíonadh, ar ceanglais iad atá leagtha amach i reachtaíocht ábhartha an Aontais, cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas ina leith.

2. Nuair a mheasann an Coimisiún go bhfuil údar leis na hagóidí dá dtagraítear i mír 1, cinnfidh sé:

(a) nach bhfoilseoidh sé na tagairtí don chaighdeán comhchuibhithe lena mbaineann in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó go bhfoilseoidh sé iad faoi shrianta inti;

(b) go gcoimeádfaidh sé faoi shrianta na tagairtí don chaighdeán comhchuibhithe lena mbaineann in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó go dtarraingeoidh sé siar iad ón Iris sin;

3. Cuirfidh an Coimisiún an comhlacht Eorpach um chaighdeánú lena mbaineann ar an eolas faoin gCinneadh dá dtagraítear i mír 2 agus, más gá, iarrfaidh sé go ndéanfar athbhreithniú ar na caighdeáin chomhchuibhithe lena mbaineann.

4. Glacfar an Cinneadh dá dtagraítear i mír 2(a) den Airteagal seo i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 18(2).

5. Glacfar an Cinneadh dá dtagraítear i mír 2(b) den Airteagal seo i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18(3).

# Caibidil IV
# Caighdeáin i réimse na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide

*Airteagal 9*
*Sonraíochtaí teicniúla a aithint i réimse na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide*

Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, ar thogra a fháil ó údarás poiblí dá dtagraítear i dTreoir 2004/18/CE nó ar a thionscnamh féin, sonraíochtaí teicniúla nach caighdeáin náisiúnta, Eorpacha ná idirnáisiúnta iad ach a chomhlíonann na ceanglais atá leagtha amach in Iarscríbhinn II a aithint mar chaighdeáin maidir le TFC.

*Airteagal 10*
*Caighdeáin maidir le TFC a úsáid sa soláthar poiblí*

Is eard a bheidh i gcaighdeáin maidir le TFC dá dtagraítear in Airteagal 9 sonraíochtaí teicniúla coiteanna dá dtagraítear i dTreoir 2004/17/CE agus Treoir 2004/18/CE, agus i Rialachán (CE) Uimh. 2342/2002.

# Caibidil V
# Caighdeánú Eorpach a mhaoiniú

*Airteagal 11*
*Comhlachtaí um chaighdeánú arna maoiniú ag an Aontas*

1. Féadfar maoiniú ón Aontas a thabhairt do na comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú chun na gníomhaíochtaí caighdeánaithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) caighdeáin Eorpacha nó táirgí insolúthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach a fhorbairt agus a athbhreithniú, rud is gá agus is iomchuí a dhéanamh chun tacú le beartais agus reachtaíocht an Aontais;

(b) cáilíocht caighdeán Eorpach nó táirgí insolúthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach a fhíorú agus comhlíonadh na mbeartas comhfhreagrach agus reachtaíocht chomhfhreagrach de chuid an Aontais a fhíorú;

(c) réamhobair nó obair choimhdeach a dhéanamh i dtaca le caighdeánú Eorpach, lena n-áirítear staidéir, gníomhaíochtaí comhair, seimineáir, meastóireachtaí, anailísí comparáideacha, obair thaighde, obair saotharlainne, tástálacha idirshaotharlainne, obair measúnachta comhréireachta agus bearta lena n-áiritheofar go ngiorrófar na tréimhsí chun caighdeáin Eorpacha nó táirgí insolúthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach a fhorbairt agus a athbhreithniú;

(d) gníomhaíochtaí lár-rúnaíochtaí na gcomhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú, lena n-áirítear forbairt beartas, comhordú gníomhaíochtaí caighdeánaithe, próiseáil oibre teicniúla agus soláthar faisnéise do pháirtithe leasmhara;

(e) caighdeáin Eorpacha nó táirgí insolúthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach a úsáidtear chun tacú le beartais agus reachtaíocht an Aontais a aistriú, nuair is gá, go teangacha oifigiúla an Aontais seachas go teangacha oibre na gcomhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú nó, i gcásanna a bhfuil údar cuí tugtha leo, go teangacha eile nach teangacha oifigiúla de chuid an Aontais iad;

(f) faisnéis a tharraingt suas chun caighdeáin Eorpacha nó táirgí insolúthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach a mhíniú, a léirmhíniú agus a shimpliú, lena n-áirítear treoracha d'úsáideoirí agus faisnéis faoi dea-chleachtais a tharraingt suas agus gníomhaíochtaí a dhéanamh chun feasacht a mhúscailt;

(g) gníomhaíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu cláir um chúnamh teicniúil agus comhar le tríú tíortha a chur i gcrích agus an córas um chaighdeánú Eorpach

chomh maith le caighdeáin Eorpacha agus táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpacha a chur chun cinn agus a fheabhsú i measc páirtithe leasmhara san Aontas agus ar leibhéal idirnáisiúnta.

2. Féadfar maoiniú ón Aontas a thabhairt freisin do na comhlachtaí seo a leanas:

(a) comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú chun na gníomhaíochtaí caighdeánaithe dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh, ar gníomhaíochtaí iad a dhéanfaidh na comhlachtaí náisiúnta i gcomhpháirt le comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú;

(b) comhlachtaí eile ar cuireadh de chúram orthu an obair dá dtagraítear in bpointí (a), (c) agus (g) de mhír 1 a dhéanamh, i gcomhar leis na comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú.

*Airteagal 12*
*Eagraíochtaí Eorpacha eile arna maoiniú ag an Aontas*

Féadfar maoiniú ón Aontas a thabhairt do na heagraíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn III chun na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:

(a) feidhmiú na n-eagraíochtaí sin agus feidhmiú a ngníomhaíochtaí a bhaineann le caighdeánú Eorpach agus le caighdeánú idirnáisiúnta, lena n-áirítear próiseáil oibre teicniúla agus soláthar faisnéise do chomhaltaí agus do pháirtithe leasmhara eile;

(b) saineolas dlíthiúil agus teicniúil a chur ar fáil, lena n-áirítear staidéir, i ndáil le measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le caighdeáin Eorpacha agus táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach agus i ndáil le forbairt na gcaighdeán agus na táirgí sin;

(c) páirt a ghlacadh san obair theicniúil i dtaca le forbairt agus athbhreithniú caighdeán Eorpach agus táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach mar is gá agus is iomchuí chun tacú le beartais agus reachtaíocht an Aontais;

(d) cáilíocht caighdeán Eorpach agus táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach a fhíorú agus comhlíonadh na mbeartas comhfhreagrach agus reachtaíocht chomhfhreagrach de chuid an Aontais a fhíorú;

(e) caighdeáin Eorpacha agus táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach, chomh maith le faisnéis fúthu agus a n-úsáid a chur chun cinn i measc páirtithe leasmhara agus FBManna.

*Airteagal 13*
*Socruithe um maoiniú*

1. Is mar seo a leanas a chuirfear maoiniú ón Aontas ar fáil:

(a) trí dheontais gan glao ar thairiscintí, nó trí chonarthaí i ndiaidh nósanna imeachta um sholáthar poiblí, a thabhairt dóibh siúd a leanas:

(i) comhlachtaí Eorpacha agus náisiúnta um chaighdeánú chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 11(1) a dhéanamh;

(ii) comhlachtaí atá aitheanta le gníomh bhunúsach, laistigh de bhrí Airteagal 49 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002, chun an obair dá dtagraítear in Airteagal 11(1)(c) den Rialachán seo a chur i gcrích i gcomhar leis na comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú;

(b) trí dheontais tar éis glao ar thairiscintí, nó trí chonarthaí i ndiaidh nósanna imeachta um sholáthar poiblí, a thabhairt do chomhlachtaí eile dá dtagraítear in Airteagal 11(2)(b) chun na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh i gcomhar leis na comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú:

(i) táirgeadh agus athbhreithniú caighdeán Eorpach agus táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 11(1)(a);

(ii) an réamhobair nó obair choimhdeach dá dtagraítear in Airteagal 11(1)(c);

(iii) na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 11(1)(g).

(c) trí dheontais tar éis glao ar thairiscintí a thabhairt do na heagraíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn III chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 12 a dhéanamh.

2. Féadfar gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 a mhaoiniú:

(a) trí dheontais le haghaidh gníomhaíochtaí a thabhairt;

(b) trí dheontais oibriúcháin a thabhairt do na comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú agus do na heagraíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn III, i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha amach i Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002. I gcás athnuachana, ní laghdófar na deontais oibriúcháin go huathoibríoch.

3. Déanfaidh an Coimisiún Cinneadh maidir leis na socruithe um maoiniú dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2, maidir le suimeanna na ndeontas agus, nuair is gá, maidir le huaschéatadán an mhaoinithe de réir chineál na gníomhaíochta.

4. Ach amháin i gcásanna cuí-réasúnaithe, is i gcnapshuimeanna a thabharfar deontais chun na gníomhaíochtaí caighdeánaithe dá dtagraítear in Airteagal 11(1)(a) agus (b) a dhéanamh agus íocfar na deontais sin ar na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) go nglacfar caighdeáin Eorpacha nó táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach arna n-iarraidh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 7 nó déanfar athbhreithniú orthu laistigh de thréimhse nach faide ná an tréimhse atá sonraithe san iarraidh dá dtagraítear in Airteagal 7;

(b) go ndéanfar ionadaíocht shásúil thar ceann FBManna, eagraíochtaí tomhaltóirí agus geallsealbhóirí comhshaoil agus sóisialta in obair caighdeánaithe, dá dtagraítear in Airteagal 5(1).

5. Maidir leis na comhchuspóirí comhair agus na coinníollacha riaracháin agus airgeadais a bhaineann le deontais a thugtar do chomhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú agus do na heagraíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn III, déanfar iad a shainmhíniú sna comhaontuithe comhpháirtíochta réime arna síniú ag an gCoimisiún agus ag na comhlachtaí agus na heagraíochtaí sin, i gcomhréir le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 agus le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2342/2002. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi thabhairt i gcrích na gcomhaontuithe sin.

*Airteagal 14*
*Bainistíocht*

Maidir leis na leithreasaí a chinnfidh an t-údarás buiséideach chun gníomhaíochtaí caighdeánaithe a mhaoiniú, féadfaidh siad na costais riaracháin a chumhdach freisin a bhaineann leis an ullmhúchán, faireachán, cigireacht, iniúchadh agus meastóireacht is gá go díreach chun Airteagail 11, 12 agus 13 a chur chun feidhme, lena n-áirítear staidéir, cruinnithe, gníomhaíochtaí faisnéise agus foilseacháin, costais a bhaineann le líonraí faisnéisíochta a bhaint amach d'fhonn faisnéis a mhalartú agus aon chaiteachas eile ar chúnamh riaracháin agus teicniúil a fhéadfaidh an Coimisiún a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí caighdeánaithe.

*Airteagal 15*
*Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint*

1. Nuair a dhéanfar na gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo a chur chun feidhme, áiritheoidh an Coimisiún go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne na calaoise, an éillithe, agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus trí shuimeanna a íocadh go míchuí a ghnóthú, agus, má bhraitear neamhrialtachtaí a bheith ann, trí phionóis éifeachtacha chomhréireacha agus athchomhairleacha a ghearradh, i gcomhréir le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus le Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999.

2. I gcás gníomhaíochtaí de chuid an Aontais arna maoiniú de bhun an Rialacháin seo, ciallóidh coincheap na neamhrialtachta dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 aon sárú ar fhoráil de dhlí an Aontais nó aon sárú ar oibleagáid chonarthach ag éirí as gníomh nó neamhghníomh de chiud oibreora eacnamaíoch a dhéanann dochar, nó a dhéanfadh dochar, do bhuiséad ginearálta an Aontais nó do bhuiséid arna mbainistiú ag an Aontas, trí mhír chaiteachais gan údar.

3. Forálfar in aon chomhaontuithe agus conarthaí a dhéanfar de thoradh an Rialacháin seo go ndéanfaidh an Coimisiún, nó aon ionadaí a údaróidh an Coimisiún, faireachán agus rialú airgeadais agus go ndéanfaidh an Chúirt Iniúchóirí iniúchtaí, ar iniúchtaí iad a fhéadfar a dhéanamh ar an láthair, más gá.

# Caibidil VI
# Gníomhartha tarmligthe, an coiste agus tuairisciú a dhéanamh

*Airteagal 16*
*Gníomhartha tarmligthe*

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 maidir le leasuithe ar na hIarscríbhínní, chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) liosta na gcomhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú atá leagtha amach in Iarscríbhinn I a thabhairt chun dáta;

(b) na critéir chun caighdeáin a aithint i réimse na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn II, a chur in oiriúnt d'fhorbairtí teicniúla;

(c) na critéir a bhaineann le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann FBManna agus geallsealbhóirí sochaíocha atá leagtha amach in Iarscríbhinn III a chur in oiriúnt do thuilleadh forbairtí maidir leo a bheith neamhbhrabúsach agus ionadaíoch.

*Airteagal 17*
*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

2. Tabharfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 16 don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ón chéad lá Eanáir 2013.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 16 a chúlghairm am ar bith. Cuirfidh Cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh le tarmligean na gcumhachtaí atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht aige ón lá tar éis fhoilsiú an Chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht na ngníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

5. Tiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 16 i bhfeidhm ach amháin má chuir Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó tugadh fógra do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle faoin ngníomh sin nó, sula dtéann an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon nach gcuirfidh siad ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.

*Airteagal 18*
*An nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Is é a bheidh sa choiste sin coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina bhfuil tuairim an choiste le fáil trí nós imeachta i scríbhinn, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh más rud é, laistigh den tréimhse atá leagtha síos chun an tuairim a thabhairt, go gcinneann cathaoirleach an choiste amhlaidh nó go n-iarrann tromlach simplí de chomhaltaí an choiste amhlaidh.

*Airteagal 19*
*Tuarascálacha*

1. Cuirfidh na comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú tuarascáil chuig an gCoimisiún gach bliain maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo. Beidh mionsonraí sna tuarascálacha sin faoi na nithe seo a leanas:

   (a) cur i bhfeidhm Airteagail 4, 5, 6, 11 agus 13;

   (b) ionadaíocht thar ceann FBManna, eagraíochtaí tomhaltóirí agus geallsealbhóirí comhshaoil agus sóisialta i gcomhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú.

2. Na heagraíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a fuair maoiniú i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfaidh siad tuarascáil bhliantúil a chur chuig an gCoimisiún faoina ngníomhaíochtaí. Beidh mionsonraí sa tuarascáil sin go háirithe faoi chomhaltais na n-eagraíochtaí sin agus faoi na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 12.

3. Faoin 31 Nollaig 2015 agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo. Beidh meastóireacht sa tuarascáil sin freisin maidir le hábharthacht na ngníomhaíochtaí caighdeánaithe a fhaigheann maoiniú ón Aontas i bhfianaise cheanglais bheartais agus reachtaíocht an Aontais.

# Caibidil VII
# Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 20*
*Leasuithe*

1. Scriostar na forálacha seo a leanas:

   (a) Airteagal 6(1) de Threoir 89/686/CEE;

(b) Airteagal 5 de Threoir 93/15/CEE;

(c) Airteagal 6(1) de Threoir 94/9/CE;

(d) Airteagal 6(1) de Threoir 94/25/CE;

(e) Airteagal 6(1) de Threoir 95/16/CE;

(f) Airteagal 6 de Threoir 97/23/CE;

(g) Airteagal 14 de Threoir 2004/22/CE;

(h) Airteagal 8(4) de Threoir 2007/23/CE;

(i) Airteagal 6 de Threoir 2009/105/CE;

(j) Airteagal 7 de Threoir 2009/23/CE.

2. Leasaítear Treoir 98/34/CE mar seo a leanas:

(a) scriostar míreanna 6 go 10 d'Airteagal 1 agus scriostar Airteagail 2, 3 agus 4;

(b) in Airteagal 6(1), scriostar na focail "leis na hionadaithe thar ceann na n-institiúidí um chaighdeáin dá dtagraítear in Iarscríbhinní I agus II";

(c) in Airteagal 6(3) scriostar an chéad fhleasc;

(d) in Airteagal 6(4) scriostar pointí (a), (b) agus (e);

(e) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt: "Foilseoidh an Coimisiún staidreamh bliantúil maidir leis na fógraí a fhaightear in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.".

(f) Scriostar Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II.

*Airteagal 21*
*Comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú*

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoina gcomhlachtaí um chaighdeánú.

Déanfaidh an Coimisiún liosta de na comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú, chomh maith le haon athruithe a dhéantar ar an liosta sin chun é a thabhairt cothrom le dáta, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 22*
*Forálacha idirthréimhseacha*

I ngníomhartha de chuid an Aontais ina ndéantar foráil maidir le toimhde comhréireachta le ceanglais fíor-riachtanacha trí chaighdeáin chomhchuibhithe arna nglacadh i gcomhréir le Treoir 98/34/CE a chur i bhfeidhm, déantar tagairtí do Threoir 98/34/CE a fhorléiriú mar

thagairtí don Rialachán seo, seachas tagairtí don choiste a cuireadh ar bun le hAirteagal 5 de Threoir 98/34/CE.

I gcás ina ndéantar foráil i ngníomh eile de chuid an Aontais maidir le nós imeachta chun agóid a dhéanamh i gcoinne caighdeán comhchuibhithe, ní bheidh feidhm ag Airteagal 8 den Rialachán seo maidir leis an ngníomh sin.

*Airteagal 23*
*Aisghairm*

Aisghairtear Cinneadh 1673/2006/CE agus Cinneadh 87/95/CEE.

Forléireofar tagairtí do na Cinntí aisghairthe mar thagairtí don Rialachán seo.

*Airteagal 24*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2013 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# <u>IARSCRÍBHINN I</u>

## COMHLACHTAÍ EORPACHA UM CHAIGHDEÁNÚ:

1. CEN – An Coiste Eorpach um Chaighdeánú
2. CENELEC – An Coiste Eorpach um Chaighdeánú Leictriteicniúil
3. ETSI - Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide

## IARSCRÍBHINN II

## NA CEANGLAIS A BHAINEANN LE SONRAÍOCHTAÍ TEICNIÚLA A AITHINT I RÉIMSE NA dTEICNEOLAÍOCHTAÍ FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

1. Beidh glactha sa mhargadh le sonraíochtaí teicniúla agus ní chuirfidh cur chun feidhme na sonraíochtaí sin isteach ar idir-inoibritheacht le caighdeáin Eorpacha ná le caighdeáin idirnáisiúnta. Is féidir glacadh margaidh a chur in iúl le samplaí oibríochtúla ó dhíoltóirí éagsúla inar cuireadh sonraíochtaí chun feidhme go comhlíontach.

2. Beidh na sonraíochtaí teicniúla forbartha ag eagraíocht neamhbhrabúsach, ar eagraíocht í atá ina cumann gairmiúil, comhlachas tionsclaíochta nó trádála nó aon eagraíocht chomhaltais eile a dhéanann, faoina réimse saineolais féin, caighdeáin a fhorbairt i réimse na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus nach comhlacht Eorpach, náisiúnta ná idirnáisiúnta um chaighdeánú í, agus beidh na sonraíochtaí sin forbartha trí phróisis a chomhlíonann na critéir seo a leanas:

   (a) oscailteacht:

   beidh na sonraíochtaí teicniúla forbartha ar bhonn cinnteoireachta oscailte a bheidh rochtain uirthi ag na hoibreoirí leasmhara uile sa mhargadh nó i margaí ar a mbeidh tionchar ag an gcaighdeán.

   (b) comhthoil:

   próiseas comhoibríoch, bunaithe ar chomhthoil a bheidh sa phróiseas caighdeánaithe agus ní thabharfar fabhar d’aon gheallshealbhóir ar leith. Ciallaíonn comhthoil comhaontú ginearálta, comhaontú arbh iad is príomhghnéithe ann nach mbíonn aon chuid thábhachtach de na leasanna lena mbaineann i gcoinne saincheisteanna substaintiúla ar bhonn leanúnach agus go bhfuiltear ag iarraidh go gcuirfear san áireamh tuairimí na bpáirtithe uile lena mbaineann agus go dtabharfar chun réitigh argóintí contráthacha. Ní ionann comhthoil agus aontoillíocht.

   (c) trédhearcacht:

      (i) maidir leis an bhfaisnéis uile a bhaineann le plé teicniúil agus le cinnteoireacht, beidh sí curtha i gcartlann agus sainaitheanta.

      (ii) déanfar faisnéis maidir le gníomhaíochtaí (nua) caighdeánaithe a fhógairt go forleathan ar bhealaí oiriúnacha agus so-aimsithe.

      (iii) iarrfar ar na catagóirí leasmhara uile de gheallsealbhóirí leasmhara a bheith rannpháirteach d’fhonn cothromaíocht a bhaint amach.

      (iv) déanfar barúlacha na bpáirtithe leasmhara a mheas agus tabharfar freagraí dóibh.

3. Beidh na sonraíochtaí teicniúla ag teacht leis na ceanglais seo a leanas:

   (a) <u>cothabháil</u>: ráthófar tacaíocht agus cothabháil leanúnach do shonraíochtaí foilsithe thar thréimhse fhada.

(b) infhaighteacht: beidh fáil ag an pbobal ar na sonraíochta lena gcur chun feidhme agus féadfaidh an pobal iad a úsáid ar théarmaí réasúnta (lena n-áirítear ar tháille réasúnta nó saor in aisce).

(c) Maidir le cearta maoine intleachtúla atá sár-riachtanach do chur chun feidhme sonraíochtaí, is ar bhonn (cothrom) réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach ((F)RAND) a bheidh siad ceadúnaithe d’iarratasóirí, lena n-áirítear, de rogha shealbhóir an chirt maoine intleachtúla, maoin intleachtúil sár-riachtanach a cheadúnú gan chúiteamh.

(d) ábharthacht:

(i) sonraíochtaí éifeachtacha agus ábhartha a bheidh iontu;

(ii) ní mór do na sonraíochtaí freagairt do riachtanais an mhargaidh agus do cheanglais rialála;

(e) neodracht agus cobhsaíocht:

(i) aon uair is féidir, is ar fheidhmíocht a bheidh na sonraíochtaí dírithe, seachas ar shaintréithe a bhaineann le ceapadh nó ar shaintréithe tuairisciúla;

(ii) ní dhéanfar an margadh a shaobhadh leis na sonraíochtaí agus ní chuirfear teorann leis na féidearthachtaí do lucht chur chun feidhme iomaíocht agus nuálaíocht a fhorbhairt, ar iomaíocht agus nuálaíocht iad atá bunaithe ar na sonraíochtaí sin.

(iii) is ar fhorbairtí eolaíochta agus teicneolaíochta ardchéime a bhunófar sonraíochtaí.

(f) cáilíocht:

(i) is leor cáilíocht agus leibhéal an mhionsonraithe le go bhféadfar bealaí éagsúla iomaíocha a úsáid chun táirgí agus seirbhísí idir-inoibritheacha a chur chun feidhme;

(ii) ní dhéanfaidh aon duine seachas na heagraíochtaí a ghlacfaidh na sonraíochtaí teicniúla comhéadain chaighdeánaithe a chur faoi cheilt ná faoi rialú.

# IARSCRÍBHINN III

## EAGRAÍOCHTAÍ GEALLSEALBHÓIRÍ EORPACHA

(a) Eagraíocht Eorpach a dhéanann ionadaíocht thar ceann FBManna i ngníomhaíochtaí caighdeánaithe san Eoraip agus:

(i) atá neamhrialtasach agus neamhbhrabúsach;

(ii) a bhfuil mar chuspóir agus gníomhaíocht reachtúil aici ionadaíocht a dhéanamh thar ceann FBManna sa phróiseas caighdeánaithe ar leibhéal Eorpach;

(iii) ar thug eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a dhéanann ionadaíocht thar ceann FBManna údarás di, in dhá thrian de na Ballstáit ar a laghad, chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann FBManna sa phróiseas caighdeánaithe ar leibhéal Eorpach.

(b) Eagraíocht Eorpach a dhéanann ionadaíocht thar ceann tomhaltóirí i ngníomhaíochtaí caighdeánaithe san Eoraip agus:

(i) atá neamhrialtasach, neamhbhrabúsach agus neamhspleách ar leasanna tionsclaíochta, tráchtála agus gnó nó ar leasanna contrártha eile;

(ii) a bhfuil mar chuspóir agus gníomhaíocht reachtúil aici ionadaíocht a dhéanamh thar ceann leasanna na dtomhaltóirí sa phróiseas caighdeánaithe ar leibhéal Eorpach;

(iii) ar thug eagraíochtaí neamhbhrabúsacha náisiúnta tomhaltóirí údarás di, in dhá thrian de na Ballstáit ar a laghad, chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann leasanna na dtomhaltóirí sa phróiseas caighdeánaithe ar leibhéal Eorpach.

(c) Eagraíocht Eorpach a dhéanann ionadaíocht thar ceann leasanna comhshaoil i ngníomhaíochtaí caighdeánaithe san Eoraip agus:

(i) atá neamhrialtasach, neamhbhrabúsach agus neamhspleách ar leasanna tionsclaíochta, tráchtála agus gnó nó ar leasanna contrártha eile;

(ii) a bhfuil mar chuspóir agus gníomhaíocht reachtúil aici ionadaíocht a dhéanamh thar ceann leasanna comhshaoil sa phróiseas caighdeánaithe ar leibhéal Eorpach;

(iii) ar thug eagraíochtaí neamhbhrabúsacha náisiúnta comhshaoil údarás di, in dhá thrian de na Ballstáit ar a laghad, chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann leasanna comhshaoil sa phróiseas caighdeánaithe ar leibhéal Eorpach.

(d) Eagraíocht Eorpach a dhéanann ionadaíocht thar ceann leasanna sóisialta i ngníomhaíochtaí caighdeánaithe san Eoraip agus:

(i) atá neamhrialtasach, neamhbhrabúsach agus neamhspleách ar leasanna tionsclaíochta, tráchtála agus gnó nó ar leasanna contrártha eile;

(ii) a bhfuil mar chuspóir agus gníomhaíocht reachtúil aici ionadaíocht a dhéanamh thar ceann leasanna sóisialta sa phróiseas caighdeánaithe ar leibhéal Eorpach;

(iii) ar thug eagraíochtaí neamhbhrabúsacha náisiúnta sóisialta údarás di, in dhá thrian de na Ballstáit ar a laghad, chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann leasanna sóisialta sa phróiseas caighdeánaithe ar leibhéal Eorpach.

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Na forais leis an togra/tionscnamh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imrítear tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA

### 1.1. Teideal an togra

Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Caighdeánú Eorpach agus lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/105/CE agus 2009/23/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[32]

Teideal 2 – Fiontar – Caibidil 02 03: An margadh inmheánach in earraí agus beartas earnála

### 1.3. An cineál togra

Baineann an togra le **síneadh ar ghníomhaíocht atá ann cheana**.

Tugtar faoi deara nach ndéanann na suimeanna atá leagtha amach sa ráiteas airgeadais reachtach seo aon dochar don togra atá le teacht ón gCoimisiún le haghaidh an chreata airgeadais ilbhliantúil tar éis 2013. Maidir le leithreasaí buiséadacha arna leithroinnt ar an ngníomhaíocht seo, molfaidh an Coimisiún iad sin sa nós imeachta buiséadach bliantúil. Dá bharr sin, níl feidhm ag an ráiteas airgeadais seo ach in aon bhliain amháin (2013).

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra dírithe*

1a. Iomaíochas le haghaidh fáis agus fostaíochta

*1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

Cuspóir sonrach Uimh. 1

An acquis atá ann cheana agus a bhaineann leis an margadh inmheánach a athbhreithniú go leanúnach agus gníomhaíocht reachtach nó neamhreachtach nua a bheartú nuair is iomchuí.

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leis*

Sa togra seo leagtar amach an creat ginearálta maidir le caighdeánú Eorpach. Áirítear ann roinnt eilimintí nach bhfuil tionchar acu ar an mbuiséad (e.g. comhar idir na comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú, na comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú agus an Coimisiún) chomh maith leis an mbunús dlí atá ann maidir le cuid de ghníomhaíochtaí caighdeánaithe na gcomhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú (CEN, CENELEC agus ETSI, dá ngairtear EECanna anseo feasta) a mhaoiniú agus an bunús dlí atá ann maidir le tacaíocht airgeadais a thabhairt

[32] ABM: Bainistiú de réir gníomhaíochtaí – ABB: Bunú an bhuiséid de réir gníomhaíochtaí

d'eagraíochtaí Eorpacha a dhéanann ionadaíocht thar ceann FBManna, tomhaltóirí agus leasanna comhshaoil agus sóisialta.

Is ríthábhachtach don mhargadh inmheánach cuid den chóras Eorpach um chaighdeánú a mhaoiniú trí thacaíocht airgeadais a thabhairt do na EECanna agus ba cheart leanúint leis. Mar sin féin, ba cheart feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chórais. Ar láimh amháin, glacfar bearta chun dlús a chur le caighdeánú na gcaighdeán Eorpach a ullmhaítear ar iarraidh ón gCoimisiún. Bainfear úsáid as uirlisí airgeadais chun EECanna a spreagadh le níos mó a dhéanamh i dtaobh comhthoil a bhaint amach maidir le ceisteanna conspóideacha agus úsáidfear iad chun athbhreithniú a dhéanamh ar roinnt próiseas inmheánach. Ar an láimh eile, socrú i bhfad níos simplí, níos gasta agus níos seasmhaí atá sa togra seo, ar mhaithe le héifeachtúlacht an mhaoinithe ón AE a fheabhsú. Le socruithe níos simplí a bhfuil níos lú maorlathais ag baint leo, déanfar an t-ualach riaracháin ar sheirbhísí oibríochtúla agus tairbhithe a laghdú. De dheasca an ualaigh sin, cuirtear bac ar sheirbhísí a gcuid acmhainní a dhíriú ar chuspóirí beartais agus ar sheachadadh tráthúil, agus baineann barraíocht maorlathais leis do na EECanna. Déanann an togra seo athchóiriú ar mhaoiniú na EECanna trí fhoráil a dhéanamh go bhféadfar córas feidhmíochtbhunaithe a dhéanamh den chóras dé réir a chéile, bunaithe ar an sainiú ar tháscairí agus ar chuspóirí comhaontaithe (aschuir agus torthaí) agus ar shimpliú a dhéanamh ar chnapshuimeanna, agus iad a bheidh scortha go soiléir ó aon fhíorú maidir le costais iarbhír cur chun feidhme.

Ba cheart leanúint freisin le maoiniú a thabhairt d'eagraíochtaí Eorpacha a dhéanann ionadaíocht thar ceann FBManna, tomhaltóirí, agus leasanna comhshaoil agus sóisialta. Go dtí seo, tugadh maoiniú do na heagraíochtaí sin trí bhíthin roinnt clár, ach rachaidh an chuid is mó de na cláir sin in éag an 31 Nollaig 2013. Dá bharr sin, is iomchuí na scéimeanna tacaíochta a athchóiriú chun éifeachta agus iad a athghrúpáil faoin mbunús dlí céanna. Déanfar na critéir incháilitheachta do na deontais sin, na coinníollacha lena n-úsáid agus cineál na ranníocaíochtaí airgeadais a ailíniú agus a chur in oiriúint do riachtanais shonracha an ghrúpa geallsealbhóirí lena mbaineann, ionas gur féidir, mar shampla, deontais oibriúcháin a thabhairt d'eagraíocht Eorpach amháin le haghaidh gach réimse de na leasanna eacnamaíocha nó sochaíocha.

Maidir le prionsabal na céimlaghdaitheachta i ndáil le deontais oibriúcháin nach deontais ar ráta comhréidh iad de bhun Airteagal 113 den Rialachán Airgeadais, níl feidhm aige maidir le EECanna, de réir Chinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 maidir le caighdeánú Eorpach a mhaoiniú. Ba cheart cloí leis an eisceacht sin amach anseo.

Ina theannta sin, is é bunphrionsabal na ndeontas oibriúcháin go dtugann siad tacaíocht shealadach d'eagraíocht ionas go bhféadfaidh sí neamhspleáchas iomlán a bhaint amach san fadtéarma. Ní bheadh an chéimlaghdaitheacht sin ag teacht le beartas an AE, áfach, faoi nach mór seasamh na FBManna agus na ngeallsealbhóirí sochaíocha a neartú chun chuimsitheacht an chórais um chaighdeánú Eorpach a áirithiú. Baineann sé le dealramh go ndéanfar caighdeáin Eorpacha a fhorbairt sa todhchaí agus i gcás ina ndéanfar amhlaidh tiocfaidh méadú ar ualach oibre na n-eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann FBManna agus geallsealbhóirí sochaíocha sa chóras um chaighdeánú Eorpach. I ngeall ar an gcomhthéacs ina bhfeidhmíonn na heagraíochtaí sin agus i ngeall ar a gcuspóirí reachtúla, tá ról buan acu atá sár-riachtanach le haghaidh ghníomhaíochtaí agus bheartais an AE. Chun caighdeánú Eorpach a fhorbairt, ní mór rannpháirteachas gníomhach na n-eagraíochtaí Eorpacha a dhéanann

ionadaíocht thar ceann FBManna, tomhaltóirí, agus leasanna comshaoil agus leasanna sóisialta a chothú agus a spreagadh. Tá aidhm leasa ghinearálta Eorpaigh á saothrú ag eagraíochtaí den sórt sin, agus de bhua an tsainordaithe shonraigh atá acu ó eagraíochtaí neamhbhrabúsacha náisiúnta, nó toisc gurb iad na heagraíochtaí sin amháin a dhéanann ionadaíocht thar ceann FBManna agus geallsealbhóirí sochaíocha, gréasán Eorpach atá sna heagraíochtaí sin a dhéanann ionadaíocht thar ceann comhlachtaí neamhbhrabúsacha atá gníomhach sna Ballstáit agus a chuireann chun cinn prionsabail agus beartais a luíonn le cuspóirí na gConarthaí. I ngeall ar an gcomhthéacs ina bhfeidhmíonn na heagraíochtaí Eorpacha a dhéanann ionadaíocht thar ceann FBManna, tomhaltóirí, agus leasanna comhshaoil agus sóisialta i gcaighdeánú Eorpach agus i ngeall ar a gcuspóirí reachtúla, tá ról buan ag na heagraíochtaí atá sár-riachtanach le haghaidh ghníomhaíochtaí agus bheartais an AE. Ina theannta sin, tógann sé idir aon bhliain amháin agus trí bliana chun caighdeán a fhorbairt, agus tá gealltanas fadtréimhseach don phróiseas teicniúil ag teastáil dá bhrí sin. Tá cuid shuntasach ama thar thréimhse fhada ag teastáil chun páirt a ghlacadh go leanúnach agus go gníomhach i gcoiste teicniúil nó i meitheal. Dá bhrí sin, is gá an eisceacht ó phrionsabal na céimlaghdaitheachta a leathnú chun na heagraíochtaí Eorpacha roghnaithe a dhéanann ionadaíocht thar ceann FBManna, tomhaltóirí, agus leasanna comhshaoil agus sóisialta a chur san áireamh.

*1.4.4. Táscairí a léiríonn toradh agus tionchar*

(1) Líon na gcaighdeán Eorpach arna ghlacadh ag na EECanna ar iarraidh a fháil ón gCoimisiún;

(2) Fad na tréimhse idir glacadh na EECanna leis an iarratas chun caighdeán Eorpach a dhréachtaú agus glacadh foirmiúil an chaighdeáin;

(3) Ráta iarbhír rannpháirteachais na n-eagraíochtaí Eorpacha a dhéanann ionadaíocht thar ceann FBManna, tomhaltóirí, agus thar ceann leasanna comhshaoil agus sóisialta sa phróiseas um chaighdeánú Eorpach;

(4) Na hathruithe iarbhír ar struchtúir chaighdeánaithe agus ar an dóigh a rialaítear caighdeánú agus an tionchar atá aige sin ar líon na gcaighdeán a ghlactar, ar a ghasta a leagtar síos caighdeáin agus ar rannpháirteachas na n-eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann FBManna, tomhaltóirí agus leasanna comhshaoil agus sóisialta sa phróiseas um chaighdeánú Eorpach.

## 1.5. Na forais leis an togra

*1.5.1. Na ceanglais is gá a shásamh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na ceanglais is gá a shásamh leis an togra mar seo a leanas:

(1) Uirlis thábhachtach agus éifeachtach is ea é caighdeánú Eorpach chun tacú le beartais agus reachtaíocht na hEorpa. Tá tionchar suntasach aige mar bhonn agus taca leis an margadh aonair in earraí agus seirbhísí agus maidir le baic ar thrádáil san AE a chosc agus beidh an tionchar sin aige amach anseo. Dá bhrí sin, ba cheart do na EECanna leanúint de bheith ag glacadh caighdeáin Eorpacha agus ba cheart don AE an obair sin a chómhaoiniú. Ina theannta sin, ba cheart an bunús dlí caighdeáin maidir le seirbhísí chomh maith le caighdeáin maidir le táirgí a chumhdach.

(2) Cuireann caighdeánú laistigh den AE go mór le geilleagar na hEorpa. Uirlis chumhachtach straitéiseach atá in úsáid caighdeán le gur féidir le gnólachtaí a n-acmhainn iomaíochta a fheabhsú. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go gcoinníonn caighdeáin cos le timthriallta forbraíochta táirgí atá ag éirí níos gasta i gcónaí agus go gcuirtear dlús le leagan síos caighdeán san Eoraip.

(3) Imreoidh caighdeáin tionchar ar níos mó grúpaí i sochaí na hEorpa de réir a chéile, lena n-áirítear gnólachtaí de gach sórt agus roinnt mhaith saoránach aonair. Caighdeán atá ann nuair a thagann iad sin a bhí rannpháirteach sa phróiseas forbartha ar chomhaontú maidir leis an gcaighdeán. Ní mór réimse sách leathan rannpháirtithe a bheith ann le go nglacfaidh idir ghnólachtaí agus tomhaltóirí le caighdeán. Ba cheart a áirithiú leis an togra, mar sin, go mbeidh an córas um chaighdeánú Eorpach chomh cuimsitheach agus is féidir agus go mbeidh gach páirtí tiomanta do chóras a bhfuil oscailteacht, trédhearcacht agus daingne eolaíoch mar bhunús leis agus go ndéanfar sin trína bheith ag síorfheabhsú na struchtúr caighdeánaithe agus rialú an chaighdeánaithe.

(4) Is gá caighdeáin a bheith ar fáil chun idir-inoibritheacht a áirithiú idir seirbhísí agus feidhmiúcháin i réimse na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide le gur féidir leis an Eoraip leas iomlán a bhaint as TFC. Ba cheart ról ní ba shuntasaí a bheith ag na caighdeáin maidir le TFC is ábhartha arna bhforbairt ag sainfhóraim agus sainchuibhreannais i réimsí nach bhfuil EECanna gníomhach iontu, i gcás nár roghnaíodh go fóill caighdeáin EEC sa mhargadh nó i gcás ina bhfuil na caighdeáin sin dulta as feidhm. Dá bharr sin, ba cheart na caighdeáin sin a aithint go foirmiúil le go bhféadfaidh údaráis phoiblí iad a úsáid chun críocha soláthair.

*1.5.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an AE*

Tá tábhacht ar leith ag baint le caighdeáin Eorpacha i bhfeidhmiú an mhargaidh aonair do tháirgí tionsclaíocha. Gabhann caighdeáin Eorpacha ionad caighdeán náisiúnta a bhíonn ag teacht salach ar a chéile go minic agus a d'fhéadfadh, sa dóigh sin, a bheith ina mbaic theicniúla ar mhargadh náisiúnta. Is féidir caighdeáin Eorpacha a roinnt ina dhá chatagóir:

a) Caighdeáin Eorpacha arna bhforbairt ar iarratas ón gCoimisiún, ar bhonn "sainordú", mar a thugtar air, lena n-iarrtar ar na EECanna sonraíochtaí teicniúla normatacha a tharraingt aníos a chomhlíonfaidh na ceanglais arna leagan amach sa sainordú sin. Is féidir na caighdeáin sin a roinnt arís ina dhá fhochatagóir:

- Caighdeáin chomhchuibhithe a áirithíonn go gcomhlíonann táirgí na ceanglais riachtanacha atá leagtha amach i reachtaíocht an AE. Is ionann caighdeán "comhchuibhithe" Eorpach a chomhlíonadh agus leibhéal riachtanach sábháilteachta táirgí a ráthú. Níl úsáid caighdeán comhchuibhithe ceangailteach go fóill, áfach, agus féadfaidh déantóir aon réiteach teicniúil eile a úsáid a léiríonn go gcomhlíonann a tháirge na ceanglais riachtanacha. Tá méadú tagtha ar chéatadán na gcaighdeán Eorpach comhchuibhithe le fiche bliain anuas, ó 3.55% go 20% sa bhliain 2009.

- Caighdeáin Eorpacha eile chun tacú le beartais Eorpacha.

b) Glactar na caighdeáin Eorpacha eile lasmuigh de reachtaíocht an AE ar thionscnamh gnóthas, comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú nó geallsealbhóirí eile, nó arna iarraidh sin don Choimisiún.

Bunchloch faoi fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh in earraí atá i gcaighdeáin Eorpacha agus go háirithe i gcaighdeáin chomhchuibhithe. Gníomhaíocht fhadálach dlúthshaothair a dhéanann saineolaithe náisiúnta is ea é déanamh caighdeán, áfach. Dá bhrí sin, tá an bunús dlí maidir le tacaíocht airgeadais a thabhairt do Lár-Rúnaíochtaí na gcomhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú leagtha amach i gCinneadh Uimh. 1673/2006/CE agus tá sé mar aidhm ag an mbunús sin cáilíocht na gcaighdeán comhchuibhithe a fheabhsú agus caighdeánú Eorpach a chur chun cinn ar leibhéal idirnáisiúnta. Cuireann an Coimisiún Eorpach agus Comhlachas Saorthrádála na hEorpa comhaontuithe comhpháirtíochta réime ar bun le gach EEC, faoinar féidir tograí maidir le maoiniú a dhíriú ar an gCoimisiún. Is leis na comhaontuithe comhpháirtíochta réime a socraítear na rialacha riaracháin agus airgeadais maidir le maoiniú a thabhairt do ghníomhaíochtaí caighdeánaithe agus leagtar amach iontu an comhthéacs ginearálta agus na téarmaí faoinar féidir tacaíocht airgeadais a leithroinnt. Gabhann an togra seo ionad Chinneadh Uimh. 1673/2006/CE.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí chosúil roimhe seo*

Cuirtear san áireamh sa togra seo na meastóireachtaí a rinneadh i gcomhthéacs Chinneadh Uimh. 1673/2006/CE, meastóireachtaídá dtagraítear sa mheasúnú tionchair.

*1.5.4. Comhchuibheas agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí ábhartha eile*

Tá an togra seo go hiomlán comhleanúnach leis na hionstraimí ábhartha eile, i.e. na gníomhartha reachtacha go léir atá leagtha amach in Iarscríbhinn 4 den mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra.

### 1.6. Fad agus tionchar airgeadais

Togra **d'fhad neamhtheoranta**

### 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[33]

**Bainistíocht dhíreach láraithe** ag an gCoimisiún

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Maidir leis na comhchuspóirí comhair agus na coinníollacha riaracháin agus airgeadais a bhaineann le deontais a thugtar do chomhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú agus do na heagraíochtaí eile dá dtagraítear sa togra, déanfar iad a shainmhíniú sna comhaontuithe comhpháirtíochta réime a shíneoidh an Coimisiún agus na comhlachtaí agus na heagraíochtaí

[33] Is féidir mionsonraí na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin DG Budg: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

sin, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais agus le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2342/2002. Sonrófar na rialacha faireacháin agus tuairiscithe sna comhaontuithe sin agus sna comhaontuithe deontais.

Ina theannta sin, cuireann an togra ceangal ar na comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú agus ar na heagraíochtaí eile dá dtagraítear sa togra tuarascálacha bliantúla a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme a n-oibleagáidí.

## 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

### *2.2.1. Na rioscaí a aithníodh*

Tá bonn láidir airgeadais ag na comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú. Beidh critéir airgeadais roghnúcháin sna glaonna ar thograí do na heagraíochtaí eile dá dtagraítear sa togra chun aon rioscaí airgeadais a chosc. Dá bhrí sin, níor aithníodh aon rioscaí airgeadais.

### *2.2.2. Modhanna rialaithe atá beartaithe*

Tá na modhanna rialaithe atá beartaithe leagtha síos sa Rialachán Airgeadais agus i Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2342/2002. Déanfar iad a mhionshonrú sna comhaontuithe comhpháirtíochta réime agus sna comhaontuithe deontais a shíneoidh an Coimisiún agus na comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú agus na heagraíochtaí eile dá dtagraítear sa togra. Sonraítear go sainráite sa togra freisin nach mór foráil a dhéanamh in aon chomhaontuithe agus conarthaí a dhéanfar de thoradh an Rialacháin seo go ndéanfaidh an Coimisiún, nó aon ionadaí a údaróidh an Coimisiún, faireachán agus rialú airgeadais agus go ndéanfaidh an Chúirt Iniúchóirí iniúchtaí, ar iniúchtaí iad a fhéadfar a dhéanamh ar an láthair, más gá.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Déantar foráil sa togra seo agus de réir na forála sin ní mór don Choimisiún a áirithiú go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne na calaoise, an éillithe, agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus trí shuimeanna a íocadh go míchuí a ghnóthú, agus, má bhraitear neamhrialtachtaí a bheith ann, trí phionóis éifeachtacha chomhréireacha agus athchomhairleacha a ghearradh, i gcomhréir le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus le Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imrítear tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Líne buiséid | Saghas **caiteachais** | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | LD/LN (34) | ó thíortha an CSTE[35] | ó thíortha is iarrthóirí[36] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 18(1)(aa) den Rialachán Airgeadais |
| 1a. Iomaíochas le haghaidh fáis agus fostaíochta | Airteagal 02 03 04 – Caighdeánú agus comhfhogasú na reachtaíochta | LD | TÁ | NÍL | NÍL | NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh: Ba cheart Airteagal 02 03 04 a roinnt ina dhá Airteagal ar leith:

– Ba cheart Airteagal 02 03 04 01 a chur in ionad Airteagal 02 03 04 a bhí ann roimhe agus ba cheart na creidmheasanna a cuireadh in áirithe dó a bheith ann, lena gcumhdófar maoiniú le haghaidh gníomhaíochtaí caighdeánaithe de chuid CEN, CENELEC agus ETSI;

– Is éard a bheidh in Airteagal 02 03 04 02 creidmheasanna a gealladh agus a íocadh faoi na hAirteagail 02.02.01, 17.02.02.00 agus 07.03.07 do ghníomhaíochtaí a bhaineann le caighdeánú: Déanfar EUR 2,1 milliún ó líne buiséid 02.02.01, EUR 1,4 milliún ó líne buiséid 17.02.02.00 agus EUR 0,2 milliún ó líne buiséid 07.03.07 a aistriú chuig an líne buiséid nua, 02 03 04 02.

– Déanfar Airteagail 02.02.01, 17.02.02.00 agus 07.03.07 a laghdú sa chlárú airgeadais leis na suimeanna thuas a fhreagraíonn do ghníomhaíochtaí caighdeánaithe. Déanfar na hAirteagail dheireanacha a laghdú leis na suimeanna a fhreagraíonn do ghníomhaíochtaí caighdeánaithe.

– Maidir leis na creidmheasanna le haghaidh deontas d'eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann geallsealbhóirí sochaíocha sa réimse caighdeánaithe, áirítear iad sin in Airteagail bhuiséid eile (e.g. 04.03.03.02).

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **Líne buiséid** | **Saghas caiteachais** | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | LD/LN | ó thíortha an CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 18(1)(aa) den Rialachán Airgeadais |

[34] LD – Leithreasaí difreáilte / LN – Leithreasaí neamhdhifreáilte

[35] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

[36] Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí ó na Balcáin Thiar.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1a. Iomaíochas le haghaidh fáis agus fostaíochta | Airteagal 02 03 04 01 – Tacaíocht do ghníomhaíochtaí caighdeánaithe arna ndéanamh ag CEN, CENELEC agus ETSI | LD | TÁ | NÍL | NÍL | NÍL |
| 1a. Iomaíochas le haghaidh fáis agus fostaíochta | Airteagal 02 03 04 02 – Tacaíocht d'eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann FBManna agus geallsealbhóirí sochaíocha i gníomhaíochtaí caighdeánaithe | LD | TÁ | NÍL | NÍL | NÍL |

## 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas[37]

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

*EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)*

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | **Uimhir** | 1a. Iomaíochas le haghaidh fáis agus fostaíochta |
|---|---|---|

| | | | Bliain **N**[38] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Blianta **N+4 go 6** | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | | |
| Airteagal 02 03 04 01 – Tacaíocht do ghníomhaíochtaí caighdeánaithe arna ndéanamh ag CEN, CENELEC agus ETSI | Oibleagáidí | (1) | 23.5 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| | Íocaíochtaí | (2) | 9 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| Airteagal 02 03 04 02 – Tacaíocht d'eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann FBManna agus geallsealbhóirí sochaíocha i gníomhaíochtaí caighdeánaithe | Oibleagáidí | (1a) | 3.7 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 3.7 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| Leithreasaí de chineál riaracháin arna maoiniú ó chiste clár sonrach[39] | | | | | | -- | -- | -- | -- | -- |
| Airteagal 02 01 04 02 - | | (3) | 0.2 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| *Chun críocha faisnéise amháin, déanfar na línte seo a leanas a laghdú (<u>ní léirítear</u> na méideanna seo sna lánsuimeanna):* | | | | | | | | | | |

37 Ba cheart na méideanna atá leagtha amach sna táblaí i roinn 3.2 a chur in oiriúint do bhoilsciú agus sa deireadh thiar ba cheart iad a choigeartú dá réir.

38 Is í Bliain N an bhliain inar dócha go gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra, is í sin 2013.

39 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó gníomhaíochtaí AE (seanlínte "BA"), taighde indíreach, taighde díreach a chur chun feidhme.

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| *Airteagal 02.02.01 (ceannteideal 1a)* | *Oibleagáidí* | | *-2.1* | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| | *Íocaíochtaí* | | *-2.1* | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| *Airteagal 17.02.02.00 (ceannteideal 3b)* | *Oibleagáidí* | | *-1.4* | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| | *Íocaíochtaí* | | *-1.4* | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| *Airteagal 07.03.07 (ceannteideal 2)* | *Oibleagáidí* | | *-0.2* | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| | *Íocaíochtaí* | | *-0.2* | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDEAL 1.a** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Oibleagáidí | =1+1a +3 | 27.4 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3 | 12.9 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | **5** | "Caiteachas riaracháin " |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Blianta **N+4 go 6** | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| DG: ENTR, SANCO, MARKT, MOVE, ENV agus INFSO | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | 3.5 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| • Caiteachas riaracháin eile | | 0.3 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| **IOMLÁN** | Leithreasaí | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán oibleagáidí = Iomlán íocaíochtaí) | 3.8 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | |

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017-2020 | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Oibleagáidí | 3.8 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| | Íocaíochtaí | 3.8 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |

### *3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí*

Éilíonn an togra go n-úsáidfear leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain **N** | | Bliain **N+1** | | Bliain **N+2** | | Bliain **N+3** | | Blianta **N+4 go 6** | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Saghas aschuir[40] | Meánchostas an aschuir | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon iomlán na n-aschur | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1: An acquis atá ann cheana agus a bhaineann leis an margadh inmheánach a athbhreithniú go leanúnach agus gníomhaíocht reachtach nó neamhreachtach nua a bheartú nuair is iomchuí. | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Lár-rúnaíocht na EECanna | (A) | 3.35 | 3 | 10 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| Aistriúchán caighdeán | (B) | 0.55 | 2 | 1.1 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| Obair caighdeánaithe (lena n-áirítear TFC) | (C) | 0.4 | 25 | 11 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |

40 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.). (A)= tacaíocht riaracháin, (B)= seirbhísí aistriúcháin, (C)= fíorobair caighdeánaithe, (D)= cur chun cinn agus poiblíocht, lena n-áirítear comhdhálacha agus (E)= seirbhísí intleachtúla eile

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Caighdeáin Eorpacha a chur chun cinn | (D) | 0.1 | 1 | 0.1 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| Iniúchtaí, meastóireachtaí agus tionscadail shonracha | (E) | 0.8 | 1 | 0.8 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| Staidéir agus cúnamh teicniúil | (D) (E) | 1.2 | 0 | 0 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| *Eurocodes* a chur chun cinn agus a fhorbairt | (D) (E) | 0.5 | 1 | 0.5 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| Tacaíocht d'eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann FBManna | (A) to (E) | 2.0 | 1 | 2.0 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| Tacaíocht d'eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann geallsealbhóirí sochaíocha | (A) to (E) | 0.75 | 2 | 1.5 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| Fo-iomlán chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| **COSTAS IOMLÁN** | | | 36 | 27 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |

### 3.2.3. *An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí de chineál riaracháin*

3.2.3.1. Achoimre

Éilíonn an togra go n-úsáidfear leithreasaí de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Blianta **N+4 go 6** | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 3.5 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| Caiteachas riaracháin eile | 0.3 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 3.8 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5**[41] **den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | 0.2 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 0.2 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| **IOMLÁN** | 4 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |

[41] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó gníomhaíochtaí AE (seanlínte "BA"), taighde indíreach, taighde díreach a chur chun feidhme.

#### 3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

Éilíonn an togra go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí an 1ú deachúil ar a mhéad)*

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Blianta **N+4 go 6** | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus gníomhairí sealadacha)** | | | | | | | |
| XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | 2.9 | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | 0 | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| XX 01 05 01 (Taighde indíreach) | 0 | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | 0 | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| **• Pearsanra seachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[42] | | | | | | | |
| XX 01 02 01 (CA, INT, SNE ón "clúdach iomlánaíoch") | 0.6 | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| XX 01 02 02 (CA, INT, JED, LA agus SNE sna toscaireachtaí) | 0 | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| XX 01 05 02 (CA, INT, SNE – Taighde indíreach) | 0 | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| 10 01 05 02 (CA, INT, SNE – Taighde díreach) | 0 | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | 0 | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| **IOMLÁN** | 7 | -- | -- | -- | -- | -- | -- |

**Is é XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Comhlíonfar na riachtanais acmhainní daonna trí fhoireann ón DG a bhfuil bainistíocht na gníomhaíochta faoina cúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe taobh istigh den DG, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don DG atá i mbun na bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus gníomhairí sealadacha | Cur chun feidhme an Rialacháin (i.e. gníomhaíochtaí caighdeánaithe agus maoiniú do na gníomhaíochtaí sin a bhainistiú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí maidir le TFC, agus na deontais d'eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann FBManna agus geallsealbhóirí sochaíocha a bhainistiú) |
| Pearsanra seachtrach | Glacfaidh gníomhairí náisiúnta ar iasacht páirt san obair iardain a dhéanfar maidir le gníomhaíochtaí caighdeánaithe, lena n-áirítear obair maidir le TFC. Cúraimí feidhmiúcháin den chuid is mó a bheidh ar ghníomhairí conarthacha. |

[42] CA = Gníomhaire ar conrardh; INT = foireann ghníomhaireachta ("*Intérimaire*"); JED= "*Jeune Expert en Délégation*" (Saineolaí Óg i dToscaireacht); LA = Gníomhaire Áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht;

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

Tá an togra comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha. D'fhéadfadh sé go n-aistreofar roinnt creidmheasanna ó theidil bhuiséadacha eile go teideal 2 (Fiontar) mar atá leagtha amach i roinn 3.1.

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

Déantar foráil sa togra maidir le cómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasaí in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Blianta **N+4 go 6** | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | CSTE | CSTE | CSTE | CSTE | CSTE | CSTE | CSTE | CSTE |
| IOMLÁN leithreasaí cómhaoinithe | 0.7 | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |

## 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

Níl tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.